Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

13695/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0349(NLE)**

**ECOFIN 961**
**FIN 1004**
**UEM 268**

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021**
**maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Spáinn an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a chur isteach an 30 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 13 Iúil 2021, d’fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin chinneadh cur chun feidhme (‘Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021’)[1].

(2) De bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241, tá an ranníocaíocht uasta airgeadais i gcomhair thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha gach Ballstáit le nuashonrú faoin 30 Meitheamh 2022 i gcomhréir leis an modheolaíocht dá bhforáiltear ann. An 30 Meitheamh 2022, chuir an Coimisiún torthaí an nuashonraithe sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

(3) An 6 Meitheamh 2023, chuir an Spáinn plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU i gcomhréir le hAirteagal 21c de Rialachán (AE) 2021/241, faoi bhráid an Choimisiúin.

(4) Cuireann an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Áirítear leis iarraidh ar thacaíocht iasachta chun tacú le athchóirithe agus infheistíochtaí breise i gcomhréir le hAirteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2021/241 agus áirítear leis iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh chun Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241 ar bhonnán bhforas nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach go páirteach a thuilleadh mar gheall ar imthosca oibiachtúla. Na modhnuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Spáinn isteach, baineann siad le 143 beart.

---

1 Féach doiciméid ST 10150/21 agus ST 10150 /21 ADD 1 REV 1 ar http://register.consilium.europa.eu.

(5) An 14 Iúil 2023, chuir an Chomhairle moltaí faoi bhráid na Spáinne i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Mhol an Chomhairle, *inter alia*, go gcoinneodh an Spáinn dlús le cur chun feidhme leanúnach a phlean téarnaimh agus athléimneachta agus go laghdóidh sí a spleáchas ar bhreoslaí iontaise, go háirithe trí dhlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite, go háirithe lena n-áirítear trí nósanna imeachta ceadaithe a chuíchóiriú agus a dhigitiú tuilleadh, tacú le hobair na n-údarás ceadaithe, rochtain ar an eangach a fheabhsú agus infheistíocht a dhéanamh i stóráil fuinnimh, tarchur agus dáileadh leictreachais, agus idirnaisc leictreachais trasteorann. Mhol an Chomhairle freisin go méadódh an Spáinn infhaighteacht tithíochta sóisialta agus inacmhainne atá tíosach ar fhuinneamh, lena n-áirítear trí athchóiriú, go gcuirfí dlús le leictriú na bhfoirgneamh agus le teacht chun cinn na leictrea-shoghluaisteachta, agus go gcuirfí dlús le hiarrachtaí beartais atá dírithe ar na scileanna is gá don aistriú glas a sholáthar agus a shealbhú.

(6) Cuireadh isteach an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe tar éis próiseas comhairliúcháin a rinneadh i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta, a raibh údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, eagraíochtaí don óige, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile páirteach ann. Cuireadh isteach an t-achoimre ar na comhairliúcháin in éineacht leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta modhnaithe. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe, i gcomhréir leis na treoirlínte um measúnú a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

(7) Áirítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a thíolaic an Spáinn iarraidh ar thacaíocht iasachta chun tacú le 27 mbeart breise ina bhfuil 20 infheistíocht agus seacht n-athchóiriú, ach gan na bearta sin a chur san áireamh i gcaibidil REPowerEU.

(8) Go háirithe, d'iarr an Spáinn tacaíocht iasachta chun 14 ionstraim airgeadais a bhunú chun infheistíocht phríobháideach a spreagadh, lena n-áirítear chun tacú leis an aistriú glas agus digiteach. Thairis sin, is é is aidhm don tacaíocht iasachta a iarradh cur le huaillmhian na dtionscadal straitéiseach tionsclaíochta san aistriú glas agus digiteach a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tosaigh.

(9) Áirítear ar na hathchóirithe a chomhfhreagraíonn don tacaíocht iasachta a iarradh clár beart chun soláthar tithíochta ar cíos a chur chun cinn, athchóiriú nua maidir le caillteanas bia agus cur amú bia a chosc agus athchóiriú nua a bhaineann leis an Straitéis Náisiúnta chun an gaineamhlú a chomhrac.

(10) Tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe faoi chomhpháirt 1 (Soghluaisteacht inbhuanaithe, shábháilte agus nasctha i dtimpeallachtaí uirbeacha agus cathrach), 2 (Éifeachtúlacht Fuinnimh), 3 (Agraibhia agus iascach), 4 (Éiceachórais), 5 (Acmhainní cósta agus uisce), 6 (Iompar Fadraoin), 11 (Riarachán poiblí), 12 (Tionscal), 13 (FBManna), 15 (nascacht dhigiteach), 17 (Eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht), 22 (Geilleagar an chúraim, comhionannas agus cuimsiú), 25 (Closamhairc) agus 28 (Córas Cánach). Cuireann cuid de na bearta nua sin leis na bearta atá san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tosaigh.

(11) I gcomhpháirt 1, baineann na bearta seo le hathchóiriú nua chun Criosanna Astuithe Íseal a bhunú i mbardais ina bhfuil níos mó ná 50 000 áitritheoir agus críocha oileánacha.

(12) I gcomhpháirt 2, baineann na bearta sin le hinfheistíocht phoiblí i saoráid chun tithíocht shóisialta a chur chun cinn, chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus chun feabhas a chur ar rochtain ar mhaoiniú chun tithíocht shóisialta agus inacmhainne atá tíosach ar fhuinneamh a thógáil agus a athchóiriú agus athchóiriú nua lena mbaineann leasú ar an Dlí Talún agus Athshlánaithe Uirbigh chun cuidiú le dlús a chur le nósanna imeachta pleanála a bhaineann le gníomhaíochtaí athshlánaithe tógála agus tógáil tithíochta sóisialta, chomh maith le foilsiú treorach ina bhfuil moltaí agus dea-chleachtais chun nósanna imeachta ceadúnúcháin pleanála uirbí a shimpliú agus a bhrostú.

(13) I gcomhpháirt 3, baineann na bearta sin le hathchóiriú nua maidir le caillteanas bia agus cur amú bia a chosc, le hathchóiriú nua chun feabhas a chur ar bhainistiú beartas talmhaíochta agus beostoic agus le hinfheistíocht a chuireann le beart atá ann cheana chun éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht in uisciú a fheabhsú. Cuireann sé sin le hinfheistíocht 1 atá déanta cheana (Plean chun éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht a fheabhsú san uisciú) de chuid 3 (Claochlú comhshaoil agus digiteach an chórais agraibhia agus iascaigh).

(14) I gcomhpháirt 4, baineann an beart seo le hathchóiriú nua a bhaineann le glacadh na Straitéise Náisiúnta chun an Gaineamhlú a Chomhrac.

(15) I gcomhpháirt 5, baineann na bearta sin le hinfheistíocht nua le haghaidh téarnamh uiscíoch agus infheistíocht nua chun úsáidí uisce a dhigitiú sa thimthriall uisce uirbeach agus san earnáil thionsclaíoch.

(16) I gcomhpháirt 6, baineann an beart le hathchóiriú nua arb é atá ann foilsiú na Straitéise maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh sa Líonra Bóithre Stáit agus an lorg carbóin don bhliain 2024 a ríomh, mar obair leantach ar an Straitéis.

(17) I gcomhpháirt 11, baineann an beart seo le hinfheistíocht nua a bhfuil dhá ghné inti: cumais chibearshlándála an riaracháin phoiblí a threisiú agus infheistíocht phoiblí i saoráid chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú in earnálacha slándála, cosanta, aerloingseoireachta agus spáis na Spáinne.

(18) I gcomhpháirt 12, baineann an beart seo le hinfheistíocht nua i scéim tacaíochta chun tacú le tionscadail straitéiseacha i slabhra luacha gluaisteán leictreach agus agraibhia i bhfoirm iasachtaí.

(19) I gcomhpháirt 13, baineann na bearta sin leis an infheistíocht phoiblí in ocht Saoráid nua chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus chun rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú: ciste chun rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú don earnáil phríobháideach agus do theaghlaigh i réimsí an iompair inbhuanaithe lena n-áirítear iarnród, éifeachtúlacht fuinnimh, fuinneamh in-athnuaite (lena n-áirítear stóráil fuinnimh agus gréasán leictreachais), dícharbónú tionsclaíoch agus slabhraí soláthair tionsclaíocha ísealcharbóin, bainistiú uisce, an geilleagar ciorclach agus oiriúnú don athrú aeráide; ciste chun rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú d'fhiontair agus d'fhiontraithe, d'ollscoileanna poiblí agus príobháideacha do thionscadail a bhaineann leis an digitiú agus d'earnáil na turasóireachta; ionstraim airgeadais chun dreasachtaí a sholáthar do chistí agus do chuideachtaí san earnáil theicneolaíoch; ionstraim airgeadais chun comhinfheistíocht a dhéanamh sa Spáinn le hinfheisteoirí institiúideacha eachtracha i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha straitéiseacha atá ceangailte leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach; ionstraim airgeadais lenar tacaíodh le sócmhainneacht fiontar straitéiseach a ndearnadh difear dóibh le linn phaindéim COVID-19; ionstraim airgeadais lenar tacaíodh le sócmhainneacht cuideachtaí meánmhéide le linn phaindéim COVID-19, scéim athráthaíochta chun tacú le rochtain ar mhaoiniú do FBManna; ionstraim airgeadais chun tacaíocht airgeadais a sholáthar d'infheistíochtaí príobháideacha agus poiblí i réigiúin na Spáinne; agus ionstraim airgeadais chun tacaíocht airgeadais a sholáthar do FBManna do thionscadail nuálacha agus tionscadail a bhaineann le teicneolaíocht teanga.

(20) I gcomhpháirt 15, baineann an beart seo le hinfheistíocht nua i bhfoirm infheistíocht phoiblí i saoráid chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus rochtain ar mhaoiniú sa tionscal leathsheoltóirí a fheabhsú.

(21) I gcomhpháirt 17, baineann an beart seo le hinfheistíocht phoiblí chun rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú in earnálacha na sláinte agus an aeraspáis. Áirítear san infheistíocht freisin gníomhaíochtaí chun infheistíocht a dhéanamh i gcaipiteal fiontair cuideachtaí atá bunaithe ar theicneolaíocht nó i gcuideachtaí nuálacha in earnáil na sláinte.

(22) I gcomhpháirt 22, baineann na bearta sin le hathchóiriú nua le haghaidh Dlí nua maidir le tomhaltóirí agus úsáideoirí a chosaint ar staideanna ina bhfuil leochaileacht shóisialta agus eacnamaíoch, infheistíocht nua arb éard atá inti infheistíocht phoiblí i saoráid chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú i dtionscadail a bhfuil tionchar intomhaiste sóisialta nó comhshaoil acu agus a rannchuidíonn le réitigh shóisialta agus chomhshaoil.

(23) I gcomhpháirt 25, baineann na bearta sin le hinfheistíocht nua i dtaca le digitiú agus scaipeadh ábhair agus faisnéise ag na meáin sa Spáinnis agus i dteangacha comhoifigiúla, chomh maith le hinfheistíocht nua i bhfoirm infheistíocht phoiblí i saoráid chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus rochtain ar mhaoiniú san earnáil chlosamhairc a fheabhsú.

(24) I gcomhpháirt 28, baineann an beart seo le hinfheistíocht a chuireann le dhá bheart atá ann cheana arb é atá iontu scéimeanna dreasachta cánach chun oibreacha athchóirithe foirgneamh a chur chun cinn chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus chun tacú le ceannach feithiclí leictreacha agus pointí luchtaithe. Cuireann an beart seo le hinfheistíocht 2 atá ann cheana (Scéim dreasachta chun pointí athluchtaithe a shuiteáil, feithiclí leictreacha agus breosla-chille a cheannach agus nuálaíocht sa leictrea-shoghluaisteacht) de chomhpháirt 1 (Soghluaisteacht Inbhuanaithe, Shábháilte agus Nasctha i Timpeallachtaí Uirbeacha agus Cathrach). Cuireann an beart seo freisin le hinfheistíocht 1 atá ann cheana (Clár Athshlánaithe le haghaidh téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta sa réimse cónaithe) de chomhpháirt 2 (Cur chun feidhme Chlár Oibre Uirbeach na Spáinne: Plean Athshlánaithe agus Athghiniúna Uirbigh).

Nuashonruithe bunaithe ar Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241

(25) Leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a thíolaic an Spáinn, cé is moite de chaibidil REPowerEU, nuashonraítear 32 mbeart, ina bhfuil 23 infheistíocht agus naoi n-athchóiriú, chun an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe a chur san áireamh. Mhínigh an Spáinn, toisc gur tháinig méadú ar an ranníocaíocht uasta airgeadais[1], gur iarr an Spáinn na hacmhainní breise atá ar fáil a úsáid chun: a bearta atá ann cheana a athrú chun leibhéal an chur chun feidhme is gá a mhéadú i gcomparáid leis an bplean bunaidh; bearta nua a chur leis; agus an ranníocaíocht airgeadais atá fágtha a úsáid chun rannchuidiú le caibidil REPowerEU.

(26) Tá bearta nua sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe faoi chomhpháirt 12 (Tionscal), faoi chomhpháirt 13 (FBManna), faoi chomhpháirt 15 (nascacht dhigiteach), agus faoi chomhpháirt 21 (Oideachas). Baineann na bearta sin le hinfheistíocht chun tacú le tionscal na leathsheoltóirí chomh maith le hinfheistíocht chun éiceachóras eolaíoch agus teicneolaíoch thionscal na leathsheoltóirí a neartú; athchóiriú chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Dlí um Margaí Urrús agus Seirbhísí Infheistíochta chun rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú do FBManna agus do dhaoine féinfhostaithe; scéim chun tacú leis an ngeilleagar ciorclach i bpríomhearnálacha de gheilleagar na Spáinne; scéim chun tacú le tionscadail straitéiseacha i slabhra luacha na ngluaisteán leictreach; agus infheistíocht chun straitéis a fhorbairt maidir le soláthar micridhintiúr ag an gcóras ollscoile.

---

[1] Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Spáinne de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal IVa den Rialachán sin, a asbhaint.

(27) Ina theannta sin, athraíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chuir an Spáinn isteach bearta faoi chomhpháirt 1 (Soghluaisteacht inbhuanaithe, shábháilte agus nasctha i dtimpeallachtaí uirbeacha agus cathrach), 3 (Agraibhia agus iascach), 5 (Acmhainní cósta agus uisce), 11 (Riarachán poiblí), 12 (Tionscal), 13 (FBManna), 16 (An Intleacht Shaorga), 17 (Eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht), 18 (Córas sláinte), agus 22 (Geilleagar an chúraim, comhionannas agus cuimsiú) chun an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe a léiriú. Go háirithe, modhnaítear na bearta seo a leanas chun leibhéal an chur chun feidhme is gá a mhéadú i gcomparáid leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh i dtaca leis an leithdháileadh méadaithe a léiriú: athchóiriú 2 (Dlí um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe) faoi chomhpháirt 1 (Plean turrainge um shoghluaisteacht inbhuanaithe, sábháilte agus nasctha i dtimpeallachtaí uirbeacha agus cathrach); athchóiriú 2 (Forbairt agus athbhreithniú ar an gcreat rialála maidir le hinbhuanaitheacht chomhshaoil na feirmeoireachta beostoic), agus infheistíocht 1 (Plean chun éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht in uisciú a fheabhsú) faoi chomhpháirt 3 (Claochlú comhshaoil agus digiteach an chórais agraibhia agus iascaigh); infheistíocht 1 (gníomhaíochtaí cóireála, sláintíochta, éifeachtúlachta, coigiltis, athúsáide agus sábháilteachta bonneagair a chur chun feidhme), infheistíocht 2 (Faireachán agus athchóiriú ar éiceachórais abhann, téarnamh uiscíoch agus maolú riosca tuilte) agus infheistíocht 3 (An t-aistriú digiteach san earnáil uisce (Forfheidhmiú Digiteach Comhshaoil) agus infheistíocht 4 (An t-imeallbhord a oiriúnú don athrú aeráide, agus Straitéisí Muirí agus Pleananna Pleanála Spásúla Muirí a chur chun feidhme) faoi chomhpháirt 5 (Acmhainní cósta agus uisce); athchóiriú 1 (Athchóiriú chun an riarachán a nuachóiriú agus a dhigitiú), athchóiriú 3 (Athchóiriú chun struchtúr institiúideach an rialachais eacnamaíoch a nuachóiriú), agus infheistíocht 3 (Claochlú digiteach agus nuachóiriú d'Aireacht an Bheartais Chríochaigh agus don Státseirbhís agus do riarachán na gComhphobal Uathrialach agus na n-údarás áitiúil) faoi chomhpháirt 11 (Riarachán Poiblí);

athchóiriú 2 (Beartas dramhaíola agus borradh a chur faoin ngeilleagar ciorclach), infheistíocht 3 (Plean téarnaimh agus athléimneachta chun tacú le cur chun feidhme na reachtaíochta dramhaíola agus cur chun cinn an gheilleagair chiorclaigh) faoi chomhpháirt 12 (Tionscal); athchóiriú 1 (Rialáil agus timpeallacht ghnó a fheabhsú) agus athchóiriú 2 (Straitéis 'An Spáinn - Náisiúin Fhiontraíochta') faoi chomhpháirt 13 (FBManna); athchóiriú 1 (Straitéis Náisiúnta na hIntleachta Saorga) faoi chomhpháirt 16 (an Intleacht Shaorga); infheistíocht 2 (Acmhainneacht, bonneagar agus trealamh an Chórais Stáit um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíochta a neartú), infheistíocht 3 (Tionscadail nua phríobháideacha, idirdhisciplíneacha, phoiblí T&F&N, tástálacha coincheapa agus deonú cabhrach mar thoradh ar ghlaonna iomaíocha idirnáisiúnta. Taighde agus forbairt cheannródaíoch dírithe ar dhúshláin shochaíocha. Soláthar poiblí réamhthráchtála), infheistíocht 4 (Gairm bheatha eolaíoch nua), infheistíocht 6 (Sláinte), agus infheistíocht 9 (Aeraspás) faoi chomhpháirt 17 (Eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht); infheistíocht 4 (Oiliúint) agus infheistíocht 5 (Plean chun úsáid táirgí cógaisíochta a chuíchóiriú) faoi chomhpháirt 18 (Córais Sláinte); agus infheistíocht 1 (Plean cúraim agus tacaíochta fadtéarmach: dí-institiúidiú, trealamh agus teicneolaíocht), infheistíocht 2 (Plean chun Seirbhísí Sóisialta a Nuachóiriú — Claochlú teicneolaíoch, nuálaíocht, oiliúint agus cúram leanaí a neartú), infheistíocht 3 (An Plean 'An Spáinn- Tír atá inrochtana') agus infheistíocht 4 (Plean na Spáinne tú a chosaint ar fhoréigean inscne) faoi chomhpháirt 22 (Plean Gníomhaíochta do Gheilleagar an Chúraim, Beartais um Chomhionannas agus Cuimsiú a Neartú).

(28) I gcomhpháirt 1, baineann an beart seo leis an méadú ar an leibhéal uaillmhéine i gcomparáid le plean téarnaimh agus athléimneachta tosaigh an athchóirithe atá ann cheana le dhá fhobheart nua maidir le feidhmchlár bogearraí a fhorbairt chun anailísí costais is tairbhe a dhéanamh ar infheistíochtaí bonneagair, agus bosca gainimh rialála a oibríochtú chun nuálaíochtaí sa tsoghluaisteacht agus san iompar a éascú.

(29) I gcomhpháirt 3, baineann na bearta sin leis an méadú ar leibhéal na huaillmhéine i gcomparáid le plean téarnaimh agus athléimneachta tosaigh an athchóirithe atá ann cheana maidir leis an gcreat rialála d'inbhuanaitheacht chomhshaoil na feirmeoireachta beostoic trí fheabhas a chur ar bhithshlándáil an iompair beostoic agus ar úsáid inbhuanaithe antaibheathach i speicis beostoic agus ar an infheistíocht atá ann cheana chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar inbhuanaitheacht in uisciú trí líon na heicteár atá le nuachóiriú a mhéadú.

(30) I gcomhpháirt 5, baineann na bearta sin leis an méadú ar leibhéal uaillmhéine na hinfheistíochta atá ann cheana maidir le cóireáil, sláintíocht, éifeachtúlacht, coigilteas, athúsáid agus sábháilteacht bonneagair trí fheabhas a chur ar bhonneagar cóireála uisce agus fuíolluisce, na infheistíochta atá ann cheana maidir le faireachán agus athchóiriú a dhéanamh ar éiceachórais abhann, ar aisghabháil uiscíoch agus ar mhaolú riosca tuilte trí ghníomhaíochtaí a chur chun cinn maidir le téarnamh uiscíoch, na infheistíochta atá ann cheana san aistriú digiteach in earnáil an uisce trí thacú le digitiú úsáideoirí uisce agus na infheistíochta atá ann cheana a bhaineann le hoiriúnú an imeallbhoird don athrú aeráide trí mhéadú a dhéanamh ar líon na gciliméadar cósta atá le hathbhunú.

(31) I gcomhpháirt 11, baineann na bearta sin leis an méadú ar leibhéal na huaillmhéine i gcomparáid leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta tosaigh maidir leis an athchóiriú atá ann cheana maidir le nuachóiriú agus digitiú an riaracháin, is é sin trí dhlí nua maidir le Trédhearcacht agus Sláine Grúpaí Leasmhara agus tríd an gCreat Slándála Náisiúnta a thabhairt cothrom le dáta; agus an athchóiriú atá ann cheana chun struchtúr institiúideach an rialachais eacnamaíoch a nuachóiriú a thabhairt cothrom le dáta, is é sin trí dhlí maidir le seirbhísí do chustaiméirí agus trí leabhar glas a fhoilsiú chun airgeadas inbhuanaithe a chur chun cinn. Áirítear ann freisin an méadú ar leibhéal na huaillmhéine i gcomparáid leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta tosaigh maidir le hinfheistíocht i gclaochlú digiteach an riaracháin phoiblí chun Pleananna Cúraim Dhigitigh Pearsanta a thabhairt isteach.

(32) I gcomhpháirt 12, baineann na bearta sin leis an méadú ar an leibhéal uaillmhéine i gcomparáid leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta tosaigh maidir leis an athchóiriú atá ann cheana i ndáil leis an mbeartas dramhaíola agus leis an ngeilleagar ciorclach, is é sin trí fheabhas a chur ar an gcomhordú idir leibhéil éagsúla eagrúcháin agus inniúlachta i mbainistiú dramhaíola chun cur chun feidhme na reachtaíochta a fheabhsú agus chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le giniúint dramhaíola a laghdú, chomh maith le feabhas a chur ar bhainistiú dramhaíola nach féidir a giniúint a sheachaint; agus maidir leis an infheistíocht atá ann cheana sa gheilleagar ciorclach chun feabhas a chur ar chóireáil dramhaíola cathrach. Leis na bearta sin neartaítear cumas deartha agus monaraíochta thionscal na leathsheoltóirí sa Spáinn agus bunaítear scéim fóirdheontais chun tacú le tionscadail straitéiseacha i slabhra luacha na ngluaisteán leictreach trí dheontais; agus an geilleagar ciorclach a chur chun cinn i dtrí phríomhearnáil den gheilleagar: teicstílí agus faisean, plaistigh agus trealamh fuinnimh in-athnuaite.

(33) I gcomhpháirt 13, baineann na bearta sin leis an méadú ar leibhéal na huaillmhéine i gcomparáid le plean téarnaimh agus athléimneachta tosaigh an athchóirithe atá ann cheana chun feabhas a chur ar rialáil agus ar an timpeallacht ghnó, is é sin tríd an dlí iomaíochta agus a rialacháin a leasú, agus an athchóirithe chun fiontraíocht na Spáinne a chur chun cinn, is é sin trí na nósanna imeachta imirce d’oibrithe a chuíchóiriú.

(34) I gcomhpháirt 16, baineann an beart sin leis an méadú ar leibhéal na huaillmhéine i gcomparáid le plean téarnaimh agus athléimneachta tosaigh an athchóirithe maidir leis an straitéis um an intleacht shaorga, is é sin trí údarás náisiúnta um an Intleacht Shaorga a bhunú agus trí thacú tuilleadh le taighde agus forbairt i dteicneolaíochtaí nua slise candamaí.

(35) I gcomhpháirt 17, baineann na bearta sin leis an méadú ar leibhéal na huaillmhéine i gcomparáid leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta tosaigh den infheistíocht atá ann cheana maidir le hacmhainneacht, bonneagar agus trealamh an Chórais Stáit um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht a neartú, is é sin trí infheistíocht a dhéanamh in dtaighde, forbairt agus nuálaíocht (T&F&N) i réimse na leathsheoltóirí agus na micrileictreonaice agus trí acmhainneachtaí a neartú i réimse na leathsheoltóirí a bhaineann leis an sár-ríomhaireacht. Cuireann na bearta tuilleadh le huaillmhian na hinfheistíochta atá ann cheana i dtionscadail nua phríobháideacha, idirdhisciplíneacha, phoiblí T&F&N, tástálacha coincheapa agus deonú cabhrach mar thoradh ar ghlaonna iomaíocha idirnáisiúnta, is é sin trí thacú le tionscadail T&F i réimse na leathsheoltóirí sna céimeanna luatha den fhorbairt réamhiomaíoch. Cuireann na bearta le huaillmhian na hinfheistíochta atá ann cheana i ngairmeacha nua eolaíochta freisin trí phacáiste nuathionscanta taighde a mhaoiniú i réimse na micrileictreonaice agus na leathsheoltóirí. Cuireann na bearta le huaillmhian na hinfheistíochta sláinte atá ann cheana, is é sin trí thacú le rannpháirtíocht na Spáinne i dtionscadail T&F&N iltíre. Tacaíonn siad freisin le taighde agus forbairt a bhaineann le galair neamhchoitianta a dhiagnóisiú, le beachtleigheas pearsantaithe, le hardán próitéamaíochta agus meitibileachta a fhorbairt, le bonneagar bithmhonatóireachta daonna a leathnú agus a fheabhsú agus aonaid taighde chliniciúil atá dírithe ar othair a uasghrádú. Ar deireadh, cuireann na bearta le huaillmhian na hinfheistíochta atá ann cheana maidir leis an Aerspás freisin, is é sin trí T&F&N a mhaoiniú, trí acmhainneachtaí táirgiúla, digitiú agus teicneolaíocht a thabhairt cothrom le dáta, agus tri theicneolaíochtaí glasa a chuireann le hinbhuanaitheacht earnáil an aeraspáis.

(36) I gcomhpháirt 18, baineann na bearta sin leis an méadú ar leibhéal na huaillmhéine i gcomparáid leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta tosaigh den infheistíocht atá ann cheana maidir le hoiliúint gairmithe sláinte, chun borradh a chur faoin tacaíocht do chóireáil galar neamhchoitianta agus don infheistíocht atá ann cheana maidir le hinbhuanaitheacht táirgí cógaisíochta, is é sin cur leis an gcumas chun tástáil ghéanómaíoch a sholáthar sa chóras sláinte náisiúnta.

(37) I gcomhpháirt 22, baineann na bearta sin le modhnú a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta tosaigh de cheithre infheistíocht atá ann cheana i gcás inar iarradh cistiú breise chun tacú le réimse an chúraim fhadtéarmaigh, réimse an nuachóirithe ar sheirbhísí cúraim, réimse na hinrochtaineachta agus réimse an fhoréigin inscne.

Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241

(38) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Spáinn isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 52 mbeart.

(39) Mhínigh an Spáinn nach féidir 15 bheart a bhaint amach a thuilleadh laistigh den amlíne atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh toisc gur chuir srianta éagsúla ó thaobh an tsoláthair de, i dteannta a chéile i gcásanna áirithe le boilsciú ard, moill ar a gcur chun feidhme nó go ndearna siad difear dá n-uaillmhian bhunaidh. Baineann sé sin leis an sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 49 de bheart I2 (infheistíocht: Plean chun borradh a chur faoi inbhuanaitheacht agus iomaíochas na talmhaíochta agus na feirmeoireachta beostoic (I): Saotharlanna sláinte ainmhithe agus plandaí a nuachóiriú) agus garsprioc le huimhir sheicheamhach 55 de bheart I6 (Plean chun inbhuanaitheacht, taighde, nuálaíocht agus digitiú a chur chun cinn in earnáil an iascaigh (I): Líonra na gcúlchistí muirí um leasa iascaigh a nuachóiriú) faoi chomhpháirt 3 (Claochlú comhshaoil agus digiteach an chórais agraibhia agus iascaigh); sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 142 de bheart I1 (infheistíocht: Infheistíocht san Aistriú Cóir) faoi chomhpháirt 10 (An tAistriú Cóir); sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 238 de bheart I2 (infheistíocht: Nascacht a neartú i lárionaid tagartha, spreagthaí socheacnamaíocha agus tionscadail dhigiteacha earnála) faoi chomhpháirt 15 (An nascacht dhigiteach); sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 240 de bheart I4 (infheistíocht: Athnuachan agus inbhuanaitheacht bonneagair) faoi chomhpháirt 15 (An nascacht dhigiteach); garspriocanna ag a bhfuil uimhreacha seicheamhacha 243 agus 244 de bheart I6 (infheistíocht: Cur in úsáid 5G: líonraí, athrú teicneolaíochta agus nuálaíocht) faoi chomhpháirt 15 (An nascacht dhigiteach); garsprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 269 de bheart I7 (infheistíocht: An Comhshaol, an t-athrú aeráide agus fuinneamh) faoi chomhpháirt 17 (Eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht); sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 309 de bheart I1 (infheistíocht: Oideachas agus cúram na luath-óige (ECEC) a chur chun cinn faoi chomhpháirt 21 (an t-oideachas a nuachóiriú agus a dhigitiú, lena n-áirítear an luathoideachas 0-3); sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 323 de bheart I1 (infheistíocht: Plean cúraim agus tacaíochta fadtéarmach: dí-institiúidiú, trealamh agus teicneolaíocht) faoi chomhpháirt 22 (Plean gníomhaíochta do gheilleagar an chúraim, beartais comhionannais agus cuimsithe a neartú);

garsprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 325 de bheart I2 (infheistíocht: Plean le haghaidh Nuachóiriú na Seirbhísí Sóisialta — Claochlú teicneolaíoch, nuálaíocht, oiliúint agus cúram leanaí a neartú) faoi chomhpháirt 22 (Plean gníomhaíochta do gheilleagar an chúraim, beartais comhionannais agus cuimsithe a neartú); sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 326 de bheart I3 (infheistíocht: An Plean 'An Spáinn- Tír atá inrochtana') faoi chomhpháirt 22 (Plean gníomhaíochta do gheilleagar an chúraim, beartais comhionannais agus cuimsithe a neartú); sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 327 de bheart I4 (infheistíocht: Plean na Spáinne tú a chosaint ar fhoréigean inscne) faoi chomhpháirt 22 (Plean gníomhaíochta do gheilleagar an chúraim, beartais comhionannais agus cuimsithe a neartú); sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 328 de bheart I5 (infheistíocht: Acmhainneacht agus éifeachtúlacht an chórais ghlactha d'imircigh agus d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a mhéadú) faoi chomhpháirt 22 (Plean gníomhaíochta do gheilleagar an chúraim, beartais comhionannais agus cuimsithe a neartú); sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 347 de bheart I5 (infheistíocht: Rialachas agus borradh a chur faoi bheartais chun tacú le gníomhachtú) faoi chomhpháirt 23 (Beartais phoiblí nua le haghaidh margadh saothair dinimiciúil, athléimneach agus cuimsitheach); agus sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 370 agus ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 372 de bheart I1 (infheistíocht: Plean digiteach le haghaidh spóirt) faoi chomhpháirt 26. Ar an mbonn sin, d'iarr an Spáinn go gcuirfí síneadh le hamlíne chur chun feidhme na ngarspriocanna agus na spriocanna thuasluaite. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir. Maidir le garsprioc le huimhir sheicheamhach 55 de bheart I6 faoi chomhpháirt 3, d'iarr an Spáinn go scriosfaí an ceanglas sin toisc nach féidir é a bhaint amach laistigh den amlíne a bhí beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh mar gheall ar shrianta ó thaobh an tsoláthair de agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(40) Mhínigh an Spáinn nach féidir seacht mbeart a bhaint amach a thuilleadh laistigh den amlíne atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh toisc go bhfuil moill á cur ar a gcur chun feidhme ag an easpa éilimh a eascraíonn as boilsciú ard, nó ag an gcomhthéacs neamhchinnte eacnamaíoch a spreag cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Baineann sé sin le fobheart de gharsprioc le huimhir sheicheamhach 2 de bheart R2 (an Dlí maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe) faoi chomhpháirt 1, le huimhir sheicheamhach 27 de bheart I1 (infheistíocht: Clár Athshlánaithe le haghaidh téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta i dtimpeallachtaí cónaithe) faoi chomhpháirt 2 (Cur chun feidhme Chlár Oibre Uirbeach na Spáinne: plean athshlánaithe agus athghiniúna uirbigh); sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 50 de bheart I3 (infheistíocht: Plean chun borradh a chur faoi inbhuanaitheacht agus iomaíochas na talmhaíochta agus na feirmeoireachta beostoic (II): fothú acmhainneachta agus córais bhithshlándála a neartú in iasclanna, ionaid ghlantacháin agus díghalraithe) faoi chomhpháirt 3 (Claochlú Comhshaoil agus Digiteach an chórais agraibhia agus iascaigh); sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 78 de bheart I2 (infheistíocht: Faireachán ar éiceachórais abhann agus iad a athbhunú, téarnamh uiscíoch agus maolú riosca tuilte) faoi chomhpháirt 5 (acmhainní cósta agus uisce); sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 141 de bheart I1 (infheistíocht: Infheistíocht san Aistriú Cóir) faoi chomhpháirt 10 (An tAistriú Cóir); spriocanna ag a bhfuil uimhreacha seicheamhacha 193 agus 195 de bheart I1 (infheistíocht: Fiontraíocht) faoi chomhpháirt 13 (Tacaíocht do FMBanna); spriocanna ag a bhfuil uimhreacha seicheamhacha 204 agus 208 de bheart I3 (infheistíocht: Digitiú agus Nuálaíocht) faoi chomhpháirt 13 (Tacaíocht do FBManna). Ar an mbonn sin, d’iarr an Spáinn go gcuirfí síneadh le hamlíne chur chun feidhme na ngarspriocanna agus na spriocanna thuasluaite. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(41) Mhínigh an Spáinn nach féidir sé bheart a bhaint amach a thuilleadh laistigh den amlíne a beartaíodh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh toisc gur chinn an Spáinn, chun cuspóirí beartais an bhirt a bhaint amach, go bhfuil gá le hoiriúnuithe breise ar an gcreat dlíthiúil agus nárbh fhéidir na hoiriúnuithe sin a thabhairt chun críche laistigh den amlíne cur chun feidhme tosaigh. Baineann sé sin leis an sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 197 de bheart I2 (infheistíocht: Fás) faoi chomhpháirt 13 (Tacaíocht do FMBanna); garsprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 281 de bheart I3 (infheistíocht: Acmhainneachtaí méadaithe chun freagairt do ghéarchéimeanna sláinte) faoi chomhpháirt 18 (Athchóiriú agus leathnú acmhainneachtaí an chórais sláinte náisiúnta); sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 288 de bheart I1 (infheistíocht: Scileanna digiteacha idirdhisciplíneacha) faoi chomhpháirt 19 (Scileanna digiteacha); sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 290 de bheart I2 (infheistíocht: An claochlú digiteach san oideachas) faoi chomhpháirt 19 (Scileanna digiteacha); sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 292 de bheart I3 (infheistíocht: Scileanna digiteacha le haghaidh fostaíochta) faoi chomhpháirt 19 (Scileanna digiteacha); agus sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 349 de bheart I6 (infheistíocht: Tionscadail an gheilleagair shóisialta curtha i gcrích) faoi chomhpháirt 23 (Beartais phoiblí nua le haghaidh margadh saothair atá dinimiciúil, athléimneach agus cuimsitheach). Ar an mbonn sin, d'iarr an Spáinn go gcuirfí síneadh le hamlíne chur chun feidhme na ngarspriocanna agus na spriocanna thuasluaite. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(42) Mhínigh an Spáinn nach féidir trí bheart a bhaint amach a thuilleadh laistigh den amlíne atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh, ós rud é go bhfuil gá le níos mó ama chun glacadh nósanna imeachta nua agus imthosca atá dírithe ar an éileamh a chur san áireamh nó chun an creat riaracháin a oiriúnú chun an cur chun feidhme a éascú. Baineann sé sin leis an sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 220 de bheart I1 (infheistíocht: Athrú ó bhonn ar an tsamhail turasóireachta i dtreo na hinbhuanaitheachta) faoi chomhpháirt 14 (Turasóireacht); sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 239 de bheart I3 (infheistíocht: Dearbháin nascachta le haghaidh FBManna agus grúpaí leochaileacha) faoi chomhpháirt 15 (an nascacht dhigiteach); agus spriocanna ag a bhfuil uimhreacha seicheamhacha 241 agus 242 de bheart I5 (infheistíocht: Bonneagar digiteach trasteorann a chur in úsáid) faoi chomhpháirt 15 (An nascacht dhigiteach). Ar an mbonn sin, d’iarr an Spáinn go gcuirfí síneadh le hamlíne chur chun feidhme na spriocanna thuasluaite. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(43) Mhínigh an Spáinn nach féidir beart amháin a bhaint amach a thuilleadh laistigh den amlíne a beartaíodh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh toisc gur ghá na hionstraimí dlíthiúla chun an beart a bhaint amach a leasú mar gur thug neamhréireacht sa leibhéal uaillmhéine idir an plean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh agus Iarscríbhinn CID ar an Spáinn gannmheastachán a dhéanamh ar líon na nglaonna is gá chun an leibhéal uaillmhéine is gá a bhaint amach. Baineann sé sin leis an sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 119 de bheart I2 (infheistíocht: Fuinneamh inbhuanaithe ar oileáin) faoi chomhpháirt 7 (Cur in úsáid agus comhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh). Ar an mbonn sin, d’iarr an Spáinn go gcuirfí síneadh le hamlíne chur chun feidhme na sprice thuasluaite. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(44) Mhínigh an Spáinn nach féidir trí bheart a bhaint amach a thuilleadh laistigh den amlíne atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh mar gheall ar an ngá atá le nósanna imeachta ullmhúcháin a leanúint atá níos faide ná mar a bhí beartaithe ar dtús, nósanna imeachta atá níos fabhraí chun cuspóirí beartais an bhirt a bhaint amach.3 Baineann sé seo leis an sprioc le huimhir sheicheamhach 111 de bheart R3 (athchóiriú: Pobail fuinnimh a fhorbairt) faoi chomhpháirt 7 (Cur in úsáid agus comhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh); garsprioc nua ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 434 de bheart R2 (athchóiriú: Borradh a chur faoin smacht reachta agus faoi éifeachtúlacht an chórais cheartais) faoi chomhpháirt 11 (Nuachóiriú ar riaracháin phoiblí); agus garsprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 245 de bheart I7 (infheistíocht: Cibearshlándáil: Cumais saoránach, FBManna agus gairmithe a neartú; éiceachóras na hearnála a fheabhsú) faoi chomhpháirt 15 (An nascacht dhigiteach). Ar an mbonn sin, d’iarr an Spáinn go leasófaí roinnt fo-bheart, go gcuirfí síneadh le hamlíne cur chun feidhme na gcodanna dá ndéantar difear nó go n-ionadófaí ionstraimí dlíthiúla cur chun feidhme na mbeart réamhluaite. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

(45) Mhínigh an Spáinn nach féidir trí bheart a bhaint amach a thuilleadh laistigh den amlíne atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh toisc gur athdháileadh acmhainní mar thoradh ar mhéid neamhghnách dóiteán foraoise. Baineann sé sin leis an sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 66 de bheart I1 (infheistíocht: Digitiú agus Eolas maidir le hoidhreacht nádúrtha), sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 71 de bheart I3 (infheistíocht: Éiceachórais agus bonneagar glas a athbhunú) agus garsprioc le huimhir sheicheamhach 73 de bheart I4 (infheistíocht: Bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí) faoi chomhpháirt 4 (Éiceachórais agus bithéagsúlacht). Ar an mbonn sin, d'iarr an Spáinn go gcuirfí síneadh le hamlíne cur chun feidhme na sprice le huimhir sheicheamhach 71, go gcruthófaí garsprioc nua chun roinnt gnéithe de gharsprioc le huimhir sheicheamhach 73 a ghabháil, ar gnéithe iad nach bhféadfaí a bhaint amach san amlíne atá beartaithe agus go modhnófaí raon feidhme na ngarspriocanna thuasluaite. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(46) Mhínigh an Spáinn nach féidir bunuaillmhian sé bheart a bhaint amach a thuilleadh mar gheall ar éileamh neamhleor. Baineann sé sin leis na spriocanna ag a bhfuil uimhreacha seicheamhacha 34 de bheart I4 (infheistíocht: Clár athghiniúna agus dúshlán déimeagrafach) faoi chomhpháirt 2 (Cur chun feidhme chlár oibre uirbeach na Spáinne: plean Athshlanaithe agus athghiniúna uirbigh); gníomhaíocht lena n-áirítear tuairisc an bhirt maidir le beart I1 (Stóráil fuinnimh a chur in úsáid) faoi chomhpháirt 8 (Bonneagar leictreachais, eangacha cliste agus cur in úsáid solúbthachta agus stórála) agus an sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 141 de bheart I1 (infheistíocht: Infheistíocht san Aistriú Cóir) faoi chomhpháirt 10 (An t-aistriú cóir); garsprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 236 de bheart I1 (infheistíocht: Comhtháthú críochach a chur chun cinn trí líonraí a chur in úsáid: Leathnú ar leathanbhanda sárthapa) faoi chomhpháirt 15 (An nascacht dhigiteach); agus sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 297 de bheart I1 (infheistíocht: Athsciliú agus uas-sciliú an lucht saothair atá nasctha le cáilíochtaí gairmiúla) faoi chomhpháirt 20 (Plean straitéiseach chun borradh a chur faoin ngairmoiliúint). Ina theannta sin, cuimsíonn beart I1 de chomhpháirt 20 moill ar chur chun feidhme. Ar an mbonn sin, d’iarr an Spáinn go laghdófaí spriocanna agus garspriocanna comhfhreagracha na mbeart sin nó go modhnófaí cur síos ar an mbeart i gcomparáid leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021a leasú dá réir.

(47) D’iarr an Spáinn freisin go n-úsáidfí na hacmhainní a cuireadh ar fáil leis an laghdú uaillmhéine ar na spriocanna nó bearta dá dtagraítear san aithris roimhe seo chun leibhéal uaillmhéine sé bheart nó sprioc a mhéadú. Is i bhfoirm spriocanna méadaithe atá an uaillmhian mhéadaithe. Baineann sé sin leis an sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 35 de bheart I4 (infheistíocht: Clár athghiniúna agus dúshlán déimeagrafach) faoi chomhpháirt 2 (Cur chun feidhme chlár oibre uirbeach na Spáinne: plean athshlánaithe agus athghiniúna uirbí); spriocanna ag a bhfuil uimhreacha seicheamhacha 125 agus 126 de bheart I1 (Stóráil fuinnimh a imscaradh) faoi chomhpháirt 8 (Bonneagar leictreachais, eangacha cliste agus solúbthacht agus stóráil a chur in úsáid); le beart I1 (infheistíocht: Infheistíocht san Aistriú Cóir) faoi chomhpháirt 10 (An t-aistriú cóir); garspriocanna ag a bhfuil uimhreacha seicheamhacha 243 agus 244 de bheart I6 (infheistíocht: Cur in úsáid 5G: líonraí, athrú teicneolaíochta agus nuálaíocht) faoi chomhpháirt 15 (An nascacht dhigiteach); agus beart I3 (infheistíocht: Nuálaíocht agus idirnáisiúnú na gairmoiliúna) faoi chomhpháirt 20 (Plean straitéiseach chun borradh a chur faoin ngairmoiliúint). Baineann sé sin freisin le beart I2 (infheistíocht: Claochlú digiteach na gairmoiliúna) faoi chomhpháirt 20 (Plean straitéiseach chun borradh a chur faoin ngairmoiliúint). Mhínigh an Spáinn go bhfuil gá le hamlíne níos faide ná mar a léirítear sa Phlean bunaidh chun an sprioc mhéadaithe a thabhairt chun críche. Ar an mbonn sin, d’iarr an Spáinn go méadófaí an leibhéal uaillmhéine nó go gcuirfí síneadh le hamlíne chur chun feidhme na ngarspriocanna, na spriocanna agus na mbeart thuasluaite. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(48) Mhínigh an Spáinn nach féidir sé bheart a bhaint amach a thuilleadh sna téarmaí sonracha atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh mar gheall ar athruithe ar éileamh an mhargaidh mar thoradh ar athruithe ar dhálaí an mhargaidh, lena n-áirítear costais níos airde. Baineann na himthosca oibiachtúla sin leis an sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 85 de bheart I1 (infheistíocht: Líonra tarchurtha náisiúnta: Conairí Eorpacha) faoi chomhpháirt 6 (Soghluaisteacht inbhuanaithe (fad-achair). Ar an mbonn sin, d'iarr an Spáinn go leathnófaí liosta na gconairí do dhámhachtainí an tionscadail, agus an uaillmhian bhunaidh á choinneáil ag an am céanna. Baineann imthosca oibiachtúla freisin leis an ngarsprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 99 de bheart I4 (infheistíocht: — Clár tacaíochta le haghaidh iompar inbhuanaithe agus digiteach) faoi chomhpháirt 6 (Soghluaisteacht inbhuanaithe (fad-achair). Ar an mbonn sin, d'iarr an Spáinn go scriosfaí an tagairt bhuiséadach de réir líne buiséid, agus an uaillmhian bhunaidh á choinneáil ag an am céanna. Baineann na himthosca oibiachtúla sin freisin le beart I4 (infheistíocht: Plean um aistriú fuinnimh sa Riarachán Ginearálta Stáit) faoi Chomhpháirt 11 (údaráis riaracháin phoiblí a nuachóiriú). Ar an mbonn sin, d'iarr an Spáinn an sprioc le huimhir sheicheamhach 170 a laghdú i gcomhréir le méaduithe costais maidir le feithiclí. Tá sé molta ag an Spáinn freisin go n-athdháilfí ar an sprioc le huimhir sheicheamhach 172 cuid den chostas bunaidh a bhaineann leis an sprioc nua le huimhir sheicheamhach 439 (maidir le cur chun feidhme córas fótavoltach gréine nó fuinneamh inathnuaite eile) chun na méaduithe costais i réimse na tógála a chumhdach, rud a fhágann go dtiocfaidh méadú ar an gcéad sprioc sin agus laghdú ar an dara sprioc sin. Baineann na himthosca oibiachtúla sin freisin le spriocanna ag a bhfuil uimhreacha seicheamhacha 217, 218 agus 219 de bheart I1 (Claochlú infheistíochta na samhla turasóireachta i dtreo na hinbhuanaitheachta) faoi chomhpháirt 14 (Turasóireacht). Ar an mbonn sin, d'iarr an Spáinn go n-athrófaí an chlibeáil aeráide agus gan athrú a dhéanamh ar uaillmhian bhunaidh na spriocanna.

Baineann na himthosca oibiachtúla sin leis an sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 342 de bheart I1 (infheistíocht: Fostaíocht don Aos Óg) faoi chomhpháirt 23 (Beartais phoiblí nua le haghaidh margadh saothair dinimiciúil, athléimneach agus cuimsitheach). Ar an mbonn sin, d'iarr an Spáinn go méadófaí raon feidhme na n-eintiteas is tairbhithe, go háirithe trí ligean d'eintitis phoiblí eile, d'fhondúireachtaí agus d'eagraíochtaí tríú earnáil clár *Tandem* a chur i gcrích, agus an uaillmhian bhunaidh á coimeád ag an am céanna. Baineann na himthosca oibiachtúla sin freisin leis an sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 344 de bheart I3 (infheistíocht: Scileanna nua don aistriú glas, digiteach agus táirgiúil) faoi chomhpháirt 23 (Beartais phoiblí nua le haghaidh margadh saothair dinimiciúil, athléimneach agus cuimsitheach). Ar an mbonn sin, d'iarr an Spáinn go méadófaí na grúpaí tairbhithe, lena n-áirítear oibrithe fostaithe freisin, agus an uaillmhian bhunaidh á coimeád. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(49) Mhínigh an Spáinn nach féidir cúig bheart a bhaint amach a thuilleadh sna téarmaí sonracha atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh mar gheall ar shuaitheadh sa slabhra soláthair. Baineann na himthosca oibiachtúla sin leis an sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 12 de bheart I2 (infheistíocht: Scéim dreasachta chun pointí athluchtaithe a shuiteáil, feithiclí leictreacha agus breosla-chille a cheannach agus nuálaíocht i leictrea-shoghluaisteacht, athluchtú agus hidrigin ghlas) faoi chomhpháirt 1 (Plean turrainge soghluaisteachta inbhuanaithe, sábháilte agus nasctha i dtimpeallachtaí uirbeacha agus cathrach). Ar an mbonn sin, d'iarr an Spáinn go n-athrófaí sonraíochtaí na sprice, agus 'clárú an fhóirdheontais' a chur in ionad 'cur in úsáid' maidir le feithiclí leictreacha agus pointí athluchtaithe, agus garsprioc le huimhir sheicheamhach 419 a chur leis chun síneadh a chur le cur chun feidhme an bhirt arb é is aidhm dó a leibhéal uaillmhéine bunaidh a chaomhnú. Baineann na himthosca oibiachtúla sin freisin le beart I4 (Bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí) faoi chomhpháirt 4 (Éiceachórais agus Bithéagsúlacht). Ar an mbonn sin, d'iarr an Spáinn go scriosfaí an tagairt d'éadáil sócmhainní aeir nua agus go ndéanfaí an buiséad a ath-leithdháileadh ar bhearta atá ann cheana maidir le bainistiú foraoisí. Baineann imthosca oibiachtúla freisin le garsprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 79 de bheart I3 (infheistíocht: — An t-aistriú digiteach in earnáil an uisce (Forfheidhmiú Digiteach Comhshaoil — PERTE chun úsáidí uisce a dhigitiú) faoi chomhpháirt 5 (Acmhainní cósta agus uisce). Ar an mbonn sin, d'iarr an Spáinn go gcuirfí dámhachtain conarthaí in ionad chur i seirbhís an bhonneagair agus go gcuirfí garsprioc leis le huimhir sheicheamhach 426 chun síneadh a chur le cur chun feidhme an bhirt arb é is aidhm dó a leibhéal uaillmhéine bunaidh a chaomhnú. Baineann na himthosca oibiachtúla sin freisin le garsprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 309 de bheart I1 (infheistíocht: Oideachas agus cúram na luath-óige (ECEC) a chur chun cinn faoi chomhpháirt 21 (an t-oideachas a nuachóiriú agus a dhigitiú, lena n-áirítear an luathoideachas 0-3).

Ar an mbonn sin, i bhfianaise an mhéadaithe ar chostais tógála agus athchóirithe, d'iarr an Spáinn go gcuirfí siar an dáta críochnaithe siar bliain amháin agus go laghdófaí an buiséad, más gá chun an sprioc infheistíochta a bhaint amach, a leithdháileadh ar dtús ar chaiteachas oibriúcháin a mhaoiniú. Baineann na himthosca oibiachtúla sin leis an sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 356 de bheart I2 (infheistíocht: Borradh a chur faoin gcultúr ar fud na críche) faoi chomhpháirt 24 (Tionscal an Chultúir). Maidir leis an mbeart céanna, mhol an Spáinn dáta críochnaithe na sprice le huimhir sheicheamhach 358 a chur siar. Ar an mbonn sin, d'iarr an Spáinn go gcúngófaí an tsonraíocht go 19 suíomh agus gcomhtháthófaí an suíomh atá fágtha ('Tabacalera') i sprioc nua le huimhir sheicheamhach 474. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(50) Mhínigh an Spáinn go ndearnadh trí bheart a mhodhnú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun bun-uaillmhian an bhirt a bhaint amach. Baineann sé sin leis na garspriocanna ag a bhfuil uimhreacha seicheamhacha 145, 147 agus 148 de bheart R1 (athchóiriú: nuachóiriú agus digitiú an riaracháin) chomh maith le garsprioc le huimhir sheicheamhach 152 agus garsprioc nua le huimhir sheicheamhach 435 de bheart R2 (athchóiriú: Chun borradh a chur faoin smacht reachta agus faoi éifeachtúlacht an chórais cheartais) faoi chomhpháirt 11 (Nuachóiriú ar riaracháin phoiblí), chun athrú ar na cineálacha ionstraimí dlí atá le glacadh a léiriú chun a áirithiú go gcuirfear an t-athchóiriú chun feidhme ar bhealach níos tapa, níos éifeachtúla agus níos cuimsithí. Baineann sé sin freisin leis an sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 322 de bheart I1 (infheistíocht: Plean cúraim agus tacaíochta fadtéarmach: dí-institiúidiú, trealamh agus teicneolaíocht) faoi chomhpháirt 22 (Plean gníomhaíochta do gheilleagar an chúraim, beartais maidir le comhionannas agus cuimsiú a neartú), i gcás ina bhfuil an Spáinn tar éis dul chun cinn níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis a dhéanamh i gcumhdach na seirbhísí teileachúraim roimh chur chun feidhme an bhirt. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an Iúil 2021 a leasú dá réir.

(51) Mhínigh an Spáinn go ndearnadh beart amháin a mhodhnú chun an uaillmhian a chur in oiriúint do mhéaduithe costais mar thoradh ar bhoilsciú agus aistriú san éileamh i dtreo athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh níos costasaí lena mbaintear amach níos mó coigiltis fuinnimh. Baineann sé sin leis an sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 29 de bheart I1 (infheistíocht: Clár Athshlánaithe le haghaidh téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta i dtimpeallachtaí cónaithe) faoi chomhpháirt 2 (Cur chun feidhme chlár oibre uirbeach na Spáinne: plean athshlánaithe agus athghiniúna uirbigh). Ar an mbonn sin, d'iarr an Spáinn go laghdófaí an sprioc i gcomhréir leis an méadú ar chostais. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(52) D'iarr an Spáinn go gcuirfí spriocanna breise san áireamh, lena mbeartaítear an leibhéal uaillmhéine bunaidh a chaomhnú, mar gheall ar shaincheisteanna a bhaineann, i measc nithe eile, le scrogaill sa slabhra soláthair, boilsciú, moilleanna riaracháin ina dhiaidh sin agus ganntanas i saothair agus scileanna riachtanacha. Baineann na himthosca oibiachtúla sin leis an sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 419 de bheart I2 (infheistíocht: Scéim dreasachta chun pointí athluchtaithe a shuiteáil, feithiclí leictreacha agus breosla-chille a cheannach agus nuálaíocht i leictrea-shoghluaisteacht, athluchtú agus hidrigin ghlas) faoi chomhpháirt 1 (Plean turrainge soghluaisteachta inbhuanaithe, sábháilte agus nasctha i dtimpeallachtaí uirbeacha agus cathrach); garsprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 425 de bheart I4 (infheistíocht: Bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí) faoi chomhpháirt 4 (Éiceachórais agus bithéagsúlacht); agus garsprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 426 de bheart I3 (infheistíocht: An t-aistriú digiteach san earnáil uisce (Forfheidhmiú Digiteach Comhshaoil) faoi chomhpháirt 5 (Acmhainní cósta agus uisce). Ar an mbonn sin, d'iarr an Spáinn spriocanna go gcuirfí na beart sin leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(53) Measann an Coimisiún gur údar maith iad na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an Spáinn leis na hathbhreithnithe de bhun Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2021/241, an nuashonrú de bhun Airteagal 18(2) den Rialachán sin agus an leasú de bhun Airteagal 21(2) den Rialachán sin.

(54) Ba cheart dáileadh na ngarspriocanna agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun an leithdháileadh nua, na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus an amlíne tháscach a thíolaic an Spáinn a chur san áireamh.

Ceartúcháin ar earráidí cléireachais

(55) Sainaithníodh earráidí cléireachais i dtéacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 lena ndéantar difear do 64 bheart. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach léiríonn ábhar an phlean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 30 Aibreán 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Spáinn. Baineann na hearráidí cléireachais sin le beart R2 (gníomh um shoghluaisteacht inbhuanaithe agus maoiniú iompair) agus le beart I2 (infheistíocht: Scéim dreasachta chun pointí athluchtaithe a shuiteáil, feithiclí leictreacha agus breosla-chille a cheannach agus nuálaíocht i leictrea-shoghluaisteacht, athluchtú agus hidrigin ghlas) faoi chomhpháirt 1 (Plean turrainge soghluaisteachta inbhuanaithe, sábháilte agus nasctha i dtimpeallachtaí uirbeacha agus cathrach); beart R3 (athchóiriú: Dlí Tithíochta), beart R4 (athchóiriú: An Dlí maidir le Cáilíocht na hAiltireachta agus an Chomhshaoil Foirgníochta agus an Straitéis Nua Náisiúnta Ailtireachta), beart R5 (Oifigí um athchóiriú (‘ionad ilfhreastail’)), beart R6 (Cistiú feabhsaithe le haghaidh gníomhaíochtaí athchóirithe) agus infheistíocht I1 (Clár athshlánaithe le haghaidh téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta i dtimpeallachtaí cónaithe) faoi chomhpháirt 2 (Cur chun feidhme chlár oibre uirbeach na Spáinne: plean athshlánaithe agus athghiniúna uirbigh);

beart R6 (athchóiriú: Athbhreithniú ar an gcreat rialála náisiúnta maidir le hiascaigh inbhuanaithe a rialáil) agus beart I6 (Plean chun inbhuanaitheacht, taighde, nuálaíocht agus digitiú a chur chun cinn in earnáil an iascaigh (I): Líonra na gcúlchistí muirí um leasa iascaigh a nuachóiriú) faoi chomhpháirt 3 (Claochlú comhshaoil agus digiteach an chórais agraibhia agus iascaigh); beart R1 (athchóiriú: Bithéagsúlacht talún agus mhuirí a chaomhnú), beart R3 (athchóiriú: bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí), beart I1 (infheistíocht: Digitiú agus eolas maidir le hoidhreacht nádúrtha), beart I2 (infheistíocht: Bithéagsúlacht talún agus mhuirí a chaomhnú), beart I3 (infheistíocht: Éiceachórais agus bonneagar glas a athbhunú) faoi chomhpháirt 4 (Éiceachórais agus bithéagsúlacht); beart R1 (athchóiriú: Pleananna agus straitéisí uisce agus athruithe rialála), beart I1 (Cur chun feidhme cóireála, sláintíocht, éifeachtúlacht, coigilteas, athúsáid agus gníomhaíochtaí sábháilteachta bonneagair (DSEAR)) agus beart I4 (infheistíocht: An t-imeallbhord a oiriúnú don athrú aeráide, agus Straitéisí Mara agus Pleananna Pleanála Spásúlachta Muirí a chur chun feidhme) faoi chomhpháirt 5 (acmhainní cósta agus uisce); beart I2 (infheistíocht: An Clár don Ghréasán Tras-Eorpach Iompair, oibreacha eile), beart I3 (infheistíocht: Idirmhódúlacht agus lóistíocht) agus beart I4 (infheistíocht: Clár tacaíochta le haghaidh iompar inbhuanaithe agus digiteach) faoi chomhpháirt 6 (Soghluaisteacht inbhuanaithe (fad-achair)); beart I1 (infheistíocht: Fuinnimh in-athnuaite nuálacha a fhorbairt, a chomhtháthaítear i bhfoirgnimh agus i bpróisis táirgthe) agus beart I2 (infheistíocht: Fuinneamh inbhuanaithe ar oileáin) faoi chomhpháirt 7 (Cur in úsáid agus comhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh); beart I3 (Samhlacha nua gnó san aistriú fuinnimh) faoi chompháirt 8 (Bonneagar leictreachais, eangacha cliste agus solúbthacht agus stóráil a chur in úsáid); beart I1 (infheistíocht: hidrigin in-athnuaite, tionscadal tíre) faoi chomhpháirt 9 (hidrigin in-athnuaite); beart R1 (athchóiriú: Prótacail um Aistriú Cóir), beart I1 (infheistíocht: Infheistíocht san Aistriú Cóir) faoi chomhpháirt 10 (An t-aistriú cóir);

beart I2 (infheistíocht: Clár chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin inbhuanaitheacht thionsclaíoch) faoi chomhpháirt 12 (Beartas tionsclaíoch); beart R1 (athchóiriú: Feabhas a chur ar rialáil gnó agus ar an aeráid), beart R2 (athchóiriú: An Straitéis 'An Spáinn - Náisiún Fiontraíochta'), beart I1 (infheistíocht: Fiontraíocht), beart I3 (infheistíocht: Digitiú agus Nuálaíocht) agus beart I4 (infheistíocht: Fás) faoi chomhpháirt 13 (Tacaíocht do FMBanna); beart I1 (infheistíocht: Athrú ó bhonn ar an tsamhail turasóireachta i dtreo na hinbhuanaitheachta) faoi chomhpháirt 14 (Turasóireacht); beart I2 (infheistíocht: Nascacht a neartú i lárionaid tagartha, spreagthaí socheacnamaíocha agus tionscadail dhigiteacha earnála) faoi chomhpháirt 15 (An nascacht dhigiteach); beart I6 (infheistíocht: Cur in úsáid 5G: líonraí, athrú teicneolaíochta agus nuálaíocht) faoi chomhpháirt 15 (An nascacht dhigiteach); beart R1 (Straitéis Náisiúnta na hIntleachta Saorga) faoi chomhpháirt 16 (an Intleacht Shaorga); beart I5 (infheistíocht: Aistriú Eolais), beart I7 (Comhshaol, athrú aeráide agus fuinneamh) agus beart I3 (tionscadail nua phríobháideacha, idirdhisciplíneacha, phoiblí T&F&N, tástálacha coincheapa agus deonú cabhrach mar thoradh ar ghlaonna iomaíocha idirnáisiúnta. T&F ceannródaíoch dírithe ar dhúshláin shochaíocha. Soláthar poiblí réamhthráchtála) beart I5 (aistriú eolais), beart I7 (An Comhshaol, An t-athrú aeráide agus fuinneamh) agus beart I9 (Aeraspás) faoi chomhpháirt 17 (Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht); beart R3 (athchóiriú: An dlí maidir le cothromas, uilíocht agus comhtháthú an chórais sláinte náisiúnta), beart R4 (athchóiriú: Dlí maidir leis an gcreatreacht do bhaill foirne seirbhísí sláinte reachtúla), beart R5 (athchóiriú: Rialáil cógas a athchóiriú agus rochtain ar chógais a fheabhsú), beart I3 (Líonra faireachais phoiblí) agus tomhas I4 (infheistíocht: Gairmithe cúraim sláinte atá oilte faoi chuimsiú pleananna oideachais leanúnacha), beart I5 (infheistíocht: Córas VALTERMED agus ardán chun measúnú a dhéanamh ar Theicneolaíochtaí agus Sochair Sláinte na gCóras Sláinte Náisiúnta),

beart I6 (Loch sonraí sláinte) faoi chomhpháirt 18 (An córas sláinte náisiúnta a athchóiriú agus a acmhainneacht a leathnú); beart I1 (infheistíocht: Scileanna digiteacha idirdhisciplíneacha), beart I2 (infheistíocht: Claochlú digiteach an oideachais) agus beart I3 (infheistíocht: Scileanna digiteacha le haghaidh fostaíochta) faoi chomhpháirt 19 (Scileanna digiteacha); beart I1 (infheistíocht: Athsciliú agus uas-sciliú an lucht saothair atá nasctha le cáilíochtaí gairmiúla) agus beart I2 (infheistíocht: Claochlú digiteach na gairmoiliúna) faoi chomhpháirt 20 (Plean straitéiseach chun borradh a chur faoin ngairmoiliúint); beart I5 (infheistíocht: Feabhas a chur ar bhonneagar digiteach ollscoile, ar threalamh, ar theicneolaíochtaí, ar theagasc agus ar mheastóireacht) faoi chomhpháirt 21 (an t-oideachas a nuachóiriú agus a dhigitiú, lena n-áirítear luathoideachas 0-3); beart I1 (infheistíocht: Plean cúraim agus tacaíochta fadtéarmach: dí-institiúidiú, trealamh agus teicneolaíocht), beart I2 (infheistíocht: Plean chun seirbhísí sóisialta a nuachóiriú — Claochlú teicneolaíoch, nuálaíocht, oiliúint agus cúram leanaí a neartú), beart I3 (infheistíocht: An Plean ‘An Spáinn- Tír atá inrochtana’), agus beart I4 (infheistíocht: Plean na Spáinne tú a chosaint ar fhoréigean inscne) faoi chomhpháirt 22 (Plean gníomhaíochta do gheilleagar an chúraim, beartais comhionannais agus cuimsithe a neartú); beart I3 (infheistíocht: Scileanna nua don aistriú glas, digiteach agus táirgiúil), beart R7 (athchóiriú: Athbhreithniú ar dhreasachtaí earcaíochta) agus beart R10 (athchóiriú: Cúnamh dífhostaíochta a shimpliú agus a fheabhsú) faoi chomhpháirt 23 (Beartais phoiblí nua le haghaidh margadh saothair dinimiciúil, athléimneach agus cuimsitheach); beart I1 (infheistíocht: Iomaíochas na dtionscal cultúrtha a neartú) faoi chomhpháirt 24 (Tionscal an Chultúir); beart I1 (infheistíocht: Clár chun an earnáil chlosamhairc a chur chun cinn, a nuachóiriú agus a dhigitiú) faoi chomhpháirt 25 (An Spáinn - Mol Closamhairc); agus beart I2 (infheistíocht: Plean le haghaidh aistriú éiceolaíoch saoráidí spóirt) faoi chomhpháirt 26 (Spóirt a chur chun cinn). Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

An chaibidil REPowerEU bunaithe ar Airteagal 21c de Rialachán (AE) 2021/241

(56) Tá athchóiriú nua amháin, infheistíocht mhéadaithe amháin agus seacht n-infheistíochtaí nua sa chaibidil REPowerEU. Is é is aidhm don athchóiriú cur in úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh a éascú agus próiseáil na n-iarratas ceadaithe a chuíchóiriú. Go háirithe, leis an athchóiriú, déantar na nósanna imeachta a bhaineann le tionscadail nua fuinnimh in-athnuaite agus bonneagar nua gréasáin leictreachais a shimpliú, agus bunaítear aonad riaracháin nua laistigh den riarachán lárnach chun cuidiú le próiseáil na n-iarratas ceadaithe.

(57) Áirítear ar na seacht n-infheistíochtaí nua faoi chaibidil REPowerEU infheistíocht phoiblí i scéim tacaíochta chun feabhas a chur ar rochtain ar mhaoiniú sa slabhra luacha i ndearadh, monarú, stóráil, athchúrsáil nó taighde agus forbairt teicneolaíochtaí agus comhpháirteanna atá ábhartha don aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh astaíochtaí de; infheistíocht phoiblí i scéim tacaíochta chun tacú le hidrigin in-athnuaite agus infheistíocht chun bonneagar tarchurtha leictreachais nua a chur in úsáid chun méideanna níos mó d’fhuinneamh in-athnuaite a chomhtháthú agus chun láithreáin nua thionsclaíocha glan-nialasacha a nascadh leis an ngréasán leictreachais agus ceithre infheistíocht chun tacú le dícharbónú tionsclaíoch, a bhfuil dhá cheann acu i bhfoirm scéimeanna tacaíochta.

(58) Áirítear sa chomhpháirt infheistíochtaí agus athchóirithe chun sciar na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú, rud a chuireann le spleáchas na Spáinne ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus, dá bhrí sin, leochaileachtaí le linn séasúir an gheimhridh a laghdú amach anseo. Is iad na bearta sin an t-athchóiriú ar cheadú fuinnimh in-athnuaite, an infheistíocht atá dírithe ar thacú le pobail fuinnimh, stóráil fuinnimh agus féintomhaltas, agus na hinfheistíochtaí a thacaíonn le hidrigin in-athnuaite, slabhra luacha an tionscail ghlan-nialasaigh, agus forbairt an ghréasáin tarchurtha leictreachais.

(59) Áirítear i gcaibidil REPowerEU freisin beart méadaithe bunaithe ar dhá bheart atá ann cheana i gcomhpháirt 7 (Foinsí fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt agus a chomhtháthú) agus beart amháin atá ann cheana i gcomhpháirt 8 (Bonneagar leictreachais, eangacha cliste agus cur in úsáid solúbthachta agus stórála). Leis an mbeart méadaithe a áirítear i gcaibidil REPowerEU, méadaítear leibhéal uaillmhéine na mbeart atá ann cheana, go háirithe maidir le féintomhaltas, stóráil fuinnimh agus pobail fuinnimh.

(60) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

Freagairt chothrom lena gcuirtear leis na sé cholún

(61) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (a) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is é atá sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, den chuid is mó (rátáil A), freagairt chuimsitheach agus chothromaithe leormhaith ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta, rud a rannchuidíonn go hiomchuí le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán sin, agus na dúshláin shonracha atá os comhair an Bhallstáit lena mbaineann agus an leithdháileadh airgeadais don Bhallstát lena mbaineann á gcur san áireamh.

(62) Áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe bearta breise chun tacú le colúin an aistrithe ghlais, go háirithe maidir le dícharbónú tionscail, cur in úsáid fuinnimh in-athnuaite agus hidrigine, iompar inbhuanaithe, éifeachtúlacht fuinnimh, bainistiú uisce, an geilleagar ciorclach, oiriúnú don athrú aeráide agus turasóireacht inbhuanaithe. Áirítear bearta breise sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe freisin chun tacú leis an aistriú digiteach, go háirithe maidir le hardteicneolaíochtaí digiteacha a fhorbairt, acmhainneacht an tionscail '*fabless*' agus an tionscail monaraíochta a mhéadú, an t-éiceachóras eolaíoch agus teicneolaíoch a neartú, FBManna a dhigitiú, riarachán poiblí agus oideachas, borradh a chur faoin earnáil chlosamhairc agus digitiú na nascachta faisnéise agus meán. Thairis sin, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe bearta chun comhtháthú sóisialta agus críochach agus cothromaíocht inscne a fheabhsú, go háirithe trí thacaíocht don tionscadal straitéiseach don gheilleagar sóisialta agus cúraim.

Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile nó ar fho-thacar suntasach de na dúshláin a shainaithnítear sna moltaí tírshonracha

(63) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go rannchuideoidh an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU go héifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar gach dúshlán nó ar fho-thacar suntasach dúshlán (rátáil A) arna sainaithint sna moltaí tírshonracha ábhartha, a dhírítear chuig an Spáinn, lena n-áirítear gnéithe fioscacha díobh agus moltaí arna ndéanamh de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], nó dúshláin arna sainaithint i ndoiciméid ábhartha eile arna nglacadh go hoifigiúil ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú (IO L 306, 23.11.2011, lch. 25).

(64) Go háirithe, cuirtear san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe moltaí tír-shonracha a ghlac an Chomhairle go foirmiúil roimh an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a rinne an Coimisiún. Ós rud é go ndearnadh an leithdháileadh uasta airgeadais don Spáinn a choigeartú suas agus gur méadaíodh méid an phlean téarnaimh agus athléimneachta tar éis iarraidh ar iasacht nach bhfuil sé beartaithe í a úsáid go heisiach le haghaidh cuspóirí REPowerEU, déantar moltaí struchtúracha uile 2022 agus 2023 a mheas sa mheasúnú foriomlán.

(65) Tar éis measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na moltaí tír-shonracha uile tráth a cuireadh isteach an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta modhnaithe, measann an Coimisiún nár cuireadh aon mholadh chun feidhme ina iomláine. Tá dul chun cinn suntasach déanta i ndáil leis na moltaí maidir le hinfheistíocht phoiblí don aistriú glas agus don aistriú digiteach agus don tslándáil fuinnimh (moladh 1.2 2022), maidir le hidrigin in-athnuaite (moladh 4.6 2022), maidir le tacaíocht a thabhairt don fhostaíocht (moladh 2.1 2022), maidir le bearta chun leachtacht a sholáthar do FBManna agus do dhaoine féinfhostaithe (moladh 3.1 2020), maidir le hinbhuanaitheacht an chórais pinsin (moladh 1.4 2019), maidir leis an aistriú i dtreo conarthaí nach bhfuil dáta deiridh luaite leo (moladh 2.3 2019) agus maidir le haghaidh a thabhairt ar bhearnaí cumhdaigh i scéimeanna réigiúnacha ioncaim íosta (moladh 2.7 2019).

(66) Áirítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe sraith fhairsing d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus a rannchuidíonn le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta ar fad nó ar fhothacar suntasach de na dúshláin sin a leagtar amach sna moltaí tír-shonracha a dhírigh an Chomhairle ar an Spáinn i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh in 2019, 2020, 2022 agus 2023. Trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin thuasluaite, meastar freisin go rannchuideoidh an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe leis na míchothromaíochtaí a cheartú, mar a shainaithnítear iad sna moltaí a rinneadh de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 in 2019, 2020, 2022 agus 2023, ar míchothromaíochtaí iad atá ann sa Spáinn, go háirithe maidir le fiachas príobháideach, rialtais agus seachtrach atá ard, i gcomhthéacs an ardleibhéil dífhostaíochta.

(67) Leis na modhnuithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne, ní athraítear ach deimhnítear agus neartaítear an measúnú a rinneadh roimhe seo go bhfuil an plean téarnaimh agus athléimneachta ag rannchuidiú le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar gach ceann nó ar fhothacar suntasach de na moltaí tír-shonracha atá dírithe ar an Spáinn do na blianta 2019 agus 2020, ós rud é nach ndéanann an Spáinn aon infheistíochtaí ná athchóirithe a bhaint nó a laghdú go suntasach, ach go gcuireann sí infheistíochtaí agus athchóirithe breise leis. Cabhraíonn go leor de na bearta nua le haghaidh a thabhairt a thuilleadh ar na moltaí tír-shonracha sin a dtugtar aghaidh orthu cheana féin leis an gClár Téarnaimh agus Athléimneachta atá ann cheana.

(68) Go háirithe, tugtar aghaidh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe ar mholadh tírshonrach 2022.1.2 agus 2023.1.3 chun infheistíocht phoiblí sna haistrithe glasa agus digiteacha a chothú trí shé infheistíocht phoiblí i saoráidí chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus chun rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú (an dá Chiste Tacaíochta Gnó ICO, an Ciste Next Tech, an Ciste Comhinfheistíochta, an Ciste Athléimneachta Réigiúnach agus, an Sásra Maoinithe CHIP) a bhfuiltear ag súil go gcuirfidh siad borradh suntasach faoin aistriú glas agus faoin aistriú digiteach sa Spáinn. Ina theannta sin, le hinfheistíochtaí breise, lena n-áirítear in earnáil na micrishliseanna agus san earnáil chlosamhairc, tugtar aghaidh freisin ar moladh tír-shonracha 1.3 2023 agus moladh 1.2 2022 chun infheistíocht phoiblí a leathnú sna haistrithe glasa agus digiteacha.

(69) I gcomhréir leis an moladh tír-shonrach3 2022 maidir le rátaí athchúrsála a mhéadú chun spriocanna an Aontais a bhaint amach agus chun an geilleagar ciorclach a chur chun cinn agus athúsáid uisce a fheabhsú, le hathchóiriú bainistithe dramhaíola sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, feabhsaítear an comhordú idir gach leibhéal riaracháin. Baintear é sin amach trí choiste comhordúcháin a chruthú agus trí reachtaíocht thánaisteach a áirítear sa ‘Phacáiste Dramhaíola’ a fhormheas. Rannchuideoidh aistrithe breise chuig na réigiúin go díreach le 30 % ar a laghad de dhramhaíl chathrach a bhailítear ar leithligh a bhaint amach. Le scéim fóirdheontais nua le haghaidh an gheilleagair chiorclaigh i bpríomhearnálacha na Spáinne (Plaistigh, teicstílí agus faisean agus trealamh RES), rannchuideofar le ciorclaíocht sna hearnálacha sin a fheabhsú. Rannchuideoidh infheistíochtaí breise i gcóireáil fuíolluisce le hathúsáid uisce a mhéadú (digitiú uisce PERTE).

(70) Le caibidil REPowerEU, treisítear uaillmhian an phlean téarnaimh agus athléimneachta maidir leis an gcuid is mó de na moltaí tírshonracha ábhartha i réimse an fhuinnimh (moladh 42022, moladh 3 2023), go háirithe chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, dlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh, infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar stórála fuinnimh agus gréasáin, agus hidrigin inathnuaite a chur in úsáid. I gcaibidil REPowerEU tá athchóiriú lena bhfeabhsaítear an creat ceadaithe do thionscadail fuinnimh in-athnuaite, agus infheistíochtaí i bhféintomhaltas, stóráil fuinnimh, pobail fuinnimh agus infheistíocht i hidrigin inathnuaite (lena dtugtar aghaidh ar moladh 3.1 2023 lena laghdaítear an spleáchas foriomlán i mbreoslaí iontaise agus moladh 3.2 2023 chun dlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite trí nósanna imeachta ceadaithe a chuíchóiriú agus a dhigitiú tuilleadh, tacú le hobair na n-údarás ceadúnúcháin, trí fhuinneamh in-athnuaite a chomhtháthú i bhfoirgnimh agus trí infheistíocht a dhéanamh i hidrigin inathnuaite). Istigh ann freisin, tá infheistíocht i mbonneagar nua gréasáin leictreachais (lena dtugtar aghaidh ar moladh 3.1 2023 chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus moladh 3.3 2023 maidir le tarchur leictreachais a fheabhsú). Istigh ann freisin, tá infheistíocht i slabhra luacha na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh (lena dtugtar aghaidh ar mholtaí 3.1 2023 chun an spleáchas foriomlán i mbreoslaí iontaise a laghdú)

(71) Rannchuidíonn roinnt beart atá beartaithe a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe freisin le moladh 3.7 2023 agus moladh 4.5 2022 sna réimsí a bhaineann le leictriú an chórais iompair (trí dhreasacht chánach nua chun feithiclí leictreacha a cheannach agus tacú le tionscal na bhfeithiclí leictreacha), agus le moltaí 2023 3.5 agus moladh 4.8 2022 sna réimsí a bhaineann le méadú a dhéanamh ar infhaighteacht tithíochta sóisialta agus inacmhainne atá tíosach ar fhuinneamh (tríd an tsaoráid um thithíocht shóisialta a chur chun cinn agus tríd an gclár beart chun soláthar tithíochta cíosa a chur chun cinn). Leis an Straitéis maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh sa Líonra Bóithre Stáit, rannchuidítear le haghaidh a thabhairt ar mholtaí 2019 3.3 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus moladh 3.5 2020 maidir le táirgeadh agus úsáid fuinnimh atá glan agus éifeachtúil.

(72) Thairis sin, cuidíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe le haghaidh a thabhairt ar moladh 3 2020 chun taighde agus nuálaíocht, táirgeadh agus úsáid fuinnimh atá glan agus éifeachtúil, bonneagar fuinnimh, bainistiú uisce agus dramhaíola agus iompar inbhuanaithe a chothú, trí bhosca gainimh rialála nua a oibríochtú i réimse an iompair agus na soghluaisteachta. Cuidíonn rialachán nua maidir le córais faisnéise feirme chun beartais talmhaíochta agus beostoic a bhainistiú chun aghaidh a thabhairt ar moladh 3.2 2019 maidir le héifeachtúlacht acmhainní. Le méadú ar an leibhéal uaillmhéine i gcomparáid leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh san infheistíocht chun córais uiscithe a nuachóiriú ó thaobh coigilteas uisce agus éifeachtúlacht fuinnimh de, rannchuidítear le haghaidh a thabhairt ar moladh 3.6 2020 maidir le hinfheistíocht a dhéanamh san aistriú éiceolaíoch agus digiteach, go háirithe i mbainistiú acmhainní uisce agus dramhaíola.

(73) Rannchuidíonn infheistíochtaí nua i gcúram sláinte le haghaidh a thabhairt ar mholadh 1.2 2020 chun athléimneacht agus acmhainneacht an chórais sláinte a neartú. Cuidíonn Ciste nua na Fiontraíochta agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide le dul i ngleic le moladh3.1 2020 maidir le bearta a chur chun feidhme chun tacú le FBManna. Cuidíonn ionstraim airgeadais eile, an Ciste um Thionchar Sóisialta, le haghaidh a thabhairt ar mholadh 2.1 2019 chun a áirithiú go mbeidh an cumas ag seirbhísí fostaíochta agus sóisialta tacaíocht éifeachtach a sholáthar.

Cur leis an acmhainneacht fáis, le cruthú post agus le hathléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach

(74) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar ard (rátáil A) ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, ar acmhainneacht fáis, cruthú post agus athléimneacht eacnamaíoch shóisialta agus institiúideach na Spáinne a neartú, lena rannchuideofar le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear trí bheartais a chur chun cinn maidir le leanaí agus an óige, agus maidir le maolú a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta ghéarchéim COVID-19, lena bhfeabhsófar, dá bhrí sin, an comhtháthú agus an cóineasú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach laistigh den Aontas.

(75) Sa mheasúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta tosaigh, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, fuarthas go bhfuil coinne leis go mbeidh tionchar ard ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta ar acmhainneacht fáis, cruthú post agus athléimneacht eacnamaíoch shóisialta agus institiúideach na Spáinne a neartú, lena rannchuideofar le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear trí bheartais a chur chun cinn maidir le leanaí agus an óige, agus maidir le maolú a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta ghéarchéim COVID-19, lena bhfeabhsófar, dá bhrí sin, an comhtháthú agus an cóineasú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach laistigh den Aontas (rátáil A).

(76) Áiríodh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tosaigh athchóirithe agus infheistíochtaí a d'fhéadfadh aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí suntasacha gheilleagar na Spáinne a bhaineann leis an earnáil sheachtrach trí iomaíochas gnó a mhéadú agus allmhairí fuinnimh a laghdú. Chuidigh an plean téarnaimh agus athléimneachta sin go páirteach le dul i ngleic leis na leochaileachtaí atá ag an tír faoi láthair ó thaobh cúrsaí fioscacha de trí chaiteachas poiblí éifeachtúil a áirithiú agus na creataí cánachais agus soláthair phoiblí a neartú. Bhíothas ag súil freisin go laghdódh sé éagothromaíochtaí críochacha go héifeachtach trí athchóirithe agus infheistíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán déimeagrafach i gceantair thuaithe agus i mbardais bheaga agus chun tacú leis an bpróiseas aistrithe i dtreo geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de. Áiríodh ann bearta arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an chomhtháthaithe shóisialta a sainaithníodh i dtuarascálacha tíre roimhe seo agus i moltaí tírshonracha don Spáinn agus a ndearnadh faireachán orthu tríd an Scórchlár Sóisialta. Dhírigh bearta sonracha ar aghaidh ar leochaileachtaí sa chóras cosanta sóisialta, amhail simpliú an chúnaimh dífhostaíochta agus an t-athbhreithniú ar chóras na sochar teaghlaigh.

(77) Mar chuid den mhodhnú ar an bplean, tá tuilleadh athchóirithe curtha chun cinn ag an Spáinn arb é is aidhm dóibh iomaíocht ghnó a neartú, tallann eachtrach a mhealladh agus dlús a chur leis an aistriú fuinnimh agus le cur chun feidhme infheistíochtaí. Go háirithe, tá athchóirithe á moladh ag an Spáinn chun cuíchóiriú a dhéanamh ar phróiseáil na n-iarratas ceadaithe i réimse an fhuinnimh in-athnuaite. Tá athchóirithe den sórt sin ríthábhachtach chun cuspóirí REPowerEU a bhaint amach, dlús a chur leis an aistriú glas, agus athléimneacht a áirithiú i gcoinne suaití fuinnimh breise. Áirítear freisin i modhnú an phlean téarnaimh agus athléimneachta acmhainní suntasacha maidir le hionstraimí airgeadais chun infheistíocht phríobháideach a spreagadh, lena n-áirítear chun tacú leis an aistriú glas agus digiteach, agus chun feabhas a chur ar thionscadail straitéiseacha thionsclaíocha san aistriú glas agus san aistriú digiteach. Áirítear i gcaibidil REPowerEU acmhainní breise chun na bearta atá ann cheana maidir le féintomhaltas fuinnimh in-athnuaite, stóráil fuinnimh taobh thiar den mhéadar agus pobail fuinnimh a mhéadú; agus infheistíochtaí nua sa hidrigin in-athnuaite, sa slabhra luacha don fhuinneamh in-athnuaite, i líonraí leictreachais agus i ndícharbónú na tionsclaíochta. I bhfianaise na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a cuireadh chun cinn mar chuid den mhodhnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta, dearbhaítear an chéad mheasúnú dearfach ar thionchar an phlean téarnaimh agus athléimneachta ar acmhainneacht fáis, ar chruthú post agus ar chomhtháthú críochach agus sóisialta.

(78) Leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear leithdháileadh nuashonraithe deontas agus an iarraidh ar iasachtaí, mar aon leis an gcuid eile de bhearta Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh, meastar in ionsamhlúcháin stílithe a rinne seirbhísí an Choimisiúin go bhféadfaí OTI na Spáinne a mhéadú idir 2,7 % agus 3,5 % faoi 2025, gan an tionchar dearfach a d’fhéadfadh a bheith ag athchóirithe struchtúracha a chur san áireamh go sainráite.

Gan dochar suntasach a dhéanamh

(79) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go n-áiritheofar leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU nach ndéanfaidh aon bheart (rátáil A) maidir le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta sin dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] (an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh').

(80) Déantar measúnú sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe ar chomhlíonadh an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' de réir na modheolaíochta a leagtar amach sa treoir theicniúil dá bhforáiltear san Fhógra ón gCoimisiún dar teideal 'Treoir theicniúil maidir le cur i bhfeidhm 'gan dochar suntasach a dhéanamh' faoin Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta'[2]. Na hathruithe a tugadh isteach trí bhearta trí mhodhnú a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta, ní dhéanann siad difear don mheasúnú a rinneadh don leagan bunaidh den phlean téarnaimh agus athléimneachta, measúnú atá fós mar an gcéanna.

(81) Maidir leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí nua a tugadh isteach, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, rinne an Spáinn measúnú córasach ar gach beart i gcoinne an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh'. I gcás inar gá, áirítear coimircí sonracha chun comhlíonadh an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a áirithiú sna garspriocanna agus sna spriocanna ábhartha. Leis an bhfaisnéis arna soláthar ag an Spáinn, is féidir teacht ar an gconclúid go bhfuil coinne leis go n-áiritheofar leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta nach ndéanfaidh aon bheart dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852.

---

[1] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

[2] IO C 58, 18.2.2021, p. 1.

(82) Aon bheart faoi phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne nó faoi chaibidil REPowerEU, ní thagann siad faoi Airteagal 21c (3), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/241.

Rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU

(83) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (da), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.12 in Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go rannchuideoidh an chaibidil REPowerEU go héifeachtach agus go mór (rátáil A) leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh na bhfoinsí in-athnuaite agus le héifeachtúlacht an fhuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.

(84) Meastar go rannchuideoidh cur chun feidhme na mbeart a áirítear i gcaibidil REPowerEU go háirithe le tacú leis na cuspóirí in Airteagal 21c (3), pointí (b), (e) agus (f), de Rialachán (AE) 2021/241. Leis na hinfheistíochtaí chun an tionscal a dhícharbónú (C31.I5, C31.I6, C31.I7, C31.I8) agus chun hidrigin in-athnuaite a chur in úsáid (C31.I2), méadú na hinfheistíochta chun fuinneamh inathnuaite breise a chur in úsáid trí thacú le féintomhaltas (C31.I1) agus an athchóiriú chun nósanna imeachta ceadaithe do thionscadail fuinnimh in-athnuaite a shimpliú (C31.R1), meastar go rannchuideofar leis an gcuspóir a leagtar amach in Airteagal 21c(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241, is é sin, borradh a chur faoin éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh agus sa bhonneagar criticiúil fuinnimh, an tionscal a dhícharbónú, táirgeadh agus glacadh bithmheatáin inbhuanaithe agus hidrigine in-athnuaite nó saor ó iontaise a mhéadú, agus an sciar fuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus dlús a chur lena chur in úsáid.

Meastar go rannchuideoidh cur chun feidhme na hinfheistíochta i mbonneagar nua tarchurtha leictreachais (C31.I4) le haghaidh a thabhairt ar scrogaill tarchuir agus dáilte fuinnimh inmheánacha agus trasteorann, tacú le stóráil agus dlús a chur le comhtháthú foinsí inathnuaite fuinnimh, is é sin, an cuspóir in Airteagal 21c(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241. Meastar go rannchuideoidh cur chun feidhme na hinfheistíochta a thacaíonn le slabhra luacha an tionscail ghlan-nialasaigh (C31.I3) leis an gcuspóir in Airteagal 21c(3), pointe (f), den Rialachán sin. Tugtar aghaidh freisin i gcaibidil REPowerEU ar an ngá atá le héagsúlú ó bhreoslaí iontaise, go háirithe trí dhlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite, hidrigin in-athnuaite, dícharbónú na tionsclaíochta agus infheistiú sa slabhra luacha don tionscal glan-nialasach.

(85) Dá bhrí sin, tá na bearta i gcaibidil REPowerEU comhsheasmhach le hiarrachtaí na Spáinne na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 21c(3) de Rialachán (AE) 2021/241 a bhaint amach. Go háirithe, ghlac an rialtas plean i mí Dheireadh Fómhair 2022 lena neartaítear slándáil fuinnimh na Spáinne ('Plan Más Seguridad Energética') ina leagtar síos 73 bheart atá grúpáilte i sé chatagóir: (a) coigilt fuinnimh; (b) Aistriú fuinnimh; (c) tomhaltóirí leochaileacha a chosaint; (d) lacáistí cánach chun tomhaltóirí fuinnimh a chosaint; (e) neamhspleáchas fuinnimh; agus (f) dlúthpháirtíocht le Ballstáit eile. Tá na bearta i gcaibidil REPowerEU comhsheasmhach freisin leis an gcéad phlean téarnaimh agus athléimneachta toisc go méadaíonn bearta REPowerEU, go háirithe, uaillmhian bhunaidh an phlean téarnaimh agus athléimneachta i réimse na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite, na hidrigine in-athnuaite, na bpobal fuinnimh agus na stórála.

Bearta a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leo

(86) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (db) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.13 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh gné nó tionchar trasteorann nó ilnáisiúnta mór (rátáil A) ag baint leis na bearta a áirítear sa chaibidil REPowerEU.

(87) Rannchuidíonn caibidil REPowerEU leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus leis an éileamh ar fhuinneamh a laghdú. Go háirithe, tacaíonn formhór na mbeart i gcaibidil REPowerEU le cur in úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite, hidrigin in-athnuaite, bonneagar gréasáin leictreachais agus dícharbónú an tionscail.

(88) Áirítear ar an infheistíocht a bhaineann le táirgeadh agus úsáid hidrigine in-athnuaite tionscadail a bhfuil gné nó éifeacht iltíre agus trasteorann ag baint leo. Ina theannta sin, le cur chun feidhme na n-infheistíochtaí lena dtacaítear le féintomhaltas, le bonneagar tarchurtha leictreachais agus le dícharbónú tionsclaíoch, meastar go laghdófar spleáchas na Spáinne ar bhreoslaí iontaise.

(89) Is ionann costais mheasta na mbeart a áirítear i gCaibidil REPowerEU agus thart ar 85 % de na costais iomlána, atá i bhfad níos airde ná an sprioc íosta 30% agus, dá bhrí sin, tugann siad údar le rátáil na caibidle a bhfuiltear ag súil léi, den chuid is mó, éifeacht trasteorann a bheith aici.

Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht

(90) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU a rannchuidíonn cuid mhór (rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide, tá suim airgid ag gabháil leo is ionann agus 39,9 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta agus 75 % de chostais mheasta iomlána na mbeart sa chaibidil REPowerEU arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán sin, tá an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021–2030.

(91) Maidir le bearta a bhaineann leis an aistriú glas, ní bhaineann an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe ach le hathruithe ar amlíne na ngarspriocanna agus na spriocanna ar bhonn Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241 agus earráidí cléireachais a cheartú. Ina theannta sin, áirítear ann athrú 7 mbeart ar bhonn Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 chun leibhéal níos airde uaillmhéine agus 12 bheart nua a léiriú a rannchuidíonn leis an aistriú glas toisc go dtacaíonn siad le dícharbónú na tionsclaíochta, le cur in úsáid fuinnimh inathnuaite agus hidrigine, le hiompar inbhuanaithe, le héifeachtúlacht fuinnimh, le bainistiú uisce, leis an ngeilleagar ciorclach, le hoiriúnú don athrú aeráide agus le turasóireacht inbhuanaithe. Áirítear i gcaibidil REPowerEU 8 mbeart arb é is aidhm dóibh dlús a chur le cur in úsáid foinsí inathnuaite fuinnimh, an slabhra luacha a neartú don tionscal glan-nialasach, infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar breise gréasáin leictreachais, an tionsclaíocht a dhícharbónú agus bearta a mhaoiniú lena gcumasaítear fuinneamh in-athnuaite. Bearta nua infheistíochta a thacaíonn leis an slabhra luacha leictreach agus nasctha agus leis an earnáil agraibhia trí iasachtaí, meastar go gcuirfidh siad le haistriú glas na slabhraí luacha sin.

(92) Na bearta sin sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe agus i gcaibidil REPowerEU a bhaineann leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, leanann siad de thionchar marthanach a imirt toisc go ndírítear leis na bearta ar athruithe struchtúracha chun spleáchas foriomlán na Spáinne ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus chun coigilteas fuinnimh a mhéadú trí aistriú go teicneolaíochtaí glasa, go háirithe iad siúd a bhaineann le foinsí fuinnimh in-athnuaite, stóráil fuinnimh, éifeachtúlacht fuinnimh agus dícharbónú tionsclaíoch. Mar thoradh air sin, rannchuidíonn siad freisin le spriocanna 2030-2050 agus leis an gcuspóir Aontas aeráidneodrach a bheith ann faoi 2050.

Rannchuidiú leis an aistriú digiteach

(93) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a rannchuidíonn cuid mhór leis an aistriú digiteach nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb ionann é agus 25,9 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.

(94) Maidir le bearta a chuireann leis an aistriú digiteach, déantar roinnt modhnuithe ar 30 beart i dtéarmaí spriocanna deiridh ar bhonn Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241. Anuas ar na modhnuithe sin, áirítear 16 bheart nua sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena rannchuidítear leis an aistriú digiteach.

(95) Tá infheistíochtaí agus athchóirithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a mheastar go mbeidh tionchar fadtéarmach acu ar chlaochlú digiteach na n-earnálacha eacnamaíocha agus sóisialta agus go rannchuideoidh siad go mór le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as an aistriú digiteach, agus déantar an tionchar sin a bhfuiltear ag súil leis a neartú tuilleadh leis na bearta nua a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe. Go háirithe, áirítear sa phlean modhnaithe bearta suntasacha nua i réimse na n-ardteicneolaíochtaí digiteacha le hinfheistíochtaí i slabhra luacha iomlán na n-ardmhiocrphróiseálaithe ó thaighde agus forbairt go monaraíocht. Meastar go dtacóidh infheistíochtaí suntasacha freisin le gnólachtaí nuathionscanta teicneolaíochta a mhéadú. Táthar ag súil go dtacóidh infheistíochtaí eile le FBManna i bhforbairt timpeallacht Próiseála Teanga Nádúrtha sa Spáinn ina n-úsáidtear ríomheolaíocht agus teicneolaíochtaí na hIntleachta Saorga. Meastar go neartóidh infheistíochtaí eile digitiú na hearnála uisce agus an riaracháin phoiblí a thuilleadh, lena n-áirítear le hinfheistíochtaí sa chibearshlándáil. Ar deireadh, leithdháileadh acmhainní eile chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na hinfheistíochtaí faoi chuimsiú Mhol Closamhairc na Spáinne.

Tionchar buan

(96) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (g), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.7 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar buan láidir (rátáil A) ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU ar an Spáinn.

(97) Sa mheasúnú tosaigh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (g), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.7 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis, fuarthas go raibh coinne leis go mbeadh tionchar buan láidir (rátáil A) ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta ar an Spáinn.

(98) Ní laghdaíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe uaillmhian an phlean téarnaimh agus athléimneachta tosaigh ina iomláine. Cuirtear san áireamh ann tionchar fada ghéarchéim COVID-19, boilsciú agus suaitheadh sa slabhra soláthair, chomh maith le roinnt deacrachtaí dlíthiúla nó teicniúla gan choinne nó infhaighteacht roghanna malartacha níos fearr chun bearta áirithe a chur chun feidhme trí bhearta a mhodhnú i gcomhréir le hAirteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Áirítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe bearta nua, cuireann sé le huaillmhian na mbeart atá ann cheana mar thoradh ar an ranníocaíocht airgeadais mhéadaithe agus ar an iarraidh ar thacaíocht iasachta agus áirítear caibidil REPowerEU leis. Meastar go mbeidh éifeachtaí dearfacha marthanacha ag na bearta breise sin, sa bhreis ar na bearta atá ann cheana, ar gheilleagar na Spáinne agus go gcuirfear borradh breise faoina aistriú glas agus digiteach.

(99) Meastar go mbeidh tionchar fadtéarmach ag athchóirithe nua a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe ar an Spáinn, ós rud é gur tugadh isteach nó gur feabhsaíodh 16 athchóiriú chun an creat iomaíochta a neartú, tallann eachtrach a mhealladh agus iontráil oibrithe imirceacha oilte sa tír a éascú, feabhas a chur ar an gcreat rialála don earnáil airgeadais, feabhas a chur ar chaighdeáin sláinte ainmhithe agus daoine le haghaidh iompair agus úsáid inbhuanaithe antaibheathach i dtionscal an bheostoic, cur amú bia a laghdú, an geilleagar ciorclach a chur chun cinn, an gaineamhlú a chomhrac, an soláthar tithíochta a mhéadú agus rochtain ar thithíocht a éascú, limistéir astaíochtaí ísle a fhorbairt, éifeachtúlacht fuinnimh an ghréasáin bóithre a fheabhsú, bosca gainimh rialála i réimse an iompair agus na soghluaisteachta a oibríochtú, feabhas a chur ar an gcreat rialála chun cliaint airgeadais a chosaint, trédhearcacht a chur chun cinn i réimse na ngníomhaíochtaí brústocaireachta, airgeadas inbhuanaithe poiblí a chothú agus an creat rialála don tsládáil dhigiteach a thabhairt cothrom le dáta. Ina theannta sin, áirítear i gcaibidil REPowerEU athchóiriú nua chun cuíchóiriú a dhéanamh ar nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite.

(100) Meastar go mbeidh tionchar fadtéarmach ag infheistíochtaí nua a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe ar an Spáinn trí infheistíochtaí príobháideacha a spreagadh le 14 ionstraim airgeadais, lena n-áirítear infheistíochtaí lena dtacaítear leis an aistriú glas agus digiteach. Áirítear i gcaibidil REPowerEU infheistíochtaí chun bearta atá ann cheana a mhéadú lena gcuirtear hidrigin in-athnuaite, féintomhaltas fuinnimh in-athnuaite agus pobail fuinnimh chun cinn, chomh maith le hinfheistíochtaí nua sa slabhra luacha don fhuinneamh in-athnuaite, i ngréasáin leictreachais agus i ndícharbónú tionsclaíochta.

Faireachán agus cur chun feidhme

(101) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (h) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.8 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is leormhaith (rátáil A) na socruithe atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU agus na bearta breise atá sa Chinneadh seo chun faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta a áirithiú, lena n-áirítear an tráthchlár atá beartaithe, na garspriocanna agus na spriocanna, agus na táscairí gaolmhara.

(102) Áirítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe nuashonrú ar an gcreat faireacháin agus cur chun feidhme. Ar an gcéad dul síos, áirítear ann tuairisc ar bhearta breise a thug an Spáinn isteach ó formheasadh an plean téarnaimh agus athléimneachta tosaigh. Bhí na bearta sin faoi réir garspriocanna sa chéad iarraidh ar íocaíocht agus chuidigh a gcur chun feidhme le cur ar bun an fhaireacháin agus an chur chun feidhme a threisiú. Go háirithe, tá na socruithe náisiúnta mar a leagtar amach iad i nDlí Foraithne Ríoga 36/2020 an 30 Nollaig lena bhformheastar bearta práinneacha chun an riarachán poiblí a nuachóiriú agus chun an Plean Téarnaimh, Claochlaithe agus Athléimneachta a chur chun feidhme fós i bhfeidhm. Ina theannta sin, d'fhormheas an Spáinn Ordú HFP/1031/2021 lena sainítear nósanna imeachta agus formáid na faisnéise atá le comhroinnt chun faireachán a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus chun forghníomhú cuntasaíochta a dhéanamh ar chaiteachas agus chun Córas Comhtháite Faisnéise na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta ('Coffee') a chur i bhfeidhm lena n-éascaítear faireachán ar chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta agus táirgeadh dearbhuithe bainistíochta, achoimrí iniúchóireachta agus iarrataí íocaíochta. Rinne an Coimisiún réamh-mheasúnú dearfach ar na garspriocanna a bhaineann leis na bearta sin i gcomhthéacs na chéad iarrata ar íocaíocht. Ar an dara dul síos, áirítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe síneadh ar an gcreat faireacháin chun ailíniú a dhéanamh le tabhairt isteach beart nua arb é atá iontu ionstraimí airgeadais a chur ar bun agus scéimeanna fóirdheontais a chur ar bun ina gcomhcheanglaítear deontais le hionstraimí airgeadais, síneoidh an Spáinn comhaontú cur chun feidhme nó a choibhéis leis an gcomhpháirtí cur chun feidhme, nó formheasfaidh sí creat rialála, lena n-áirítear tuairisc ar chórais faireacháin an chomhpháirtí cur chun feidhme, agus — i gcás inarb ábhartha — ar chórais faireacháin na n-idirghabhálaithe airgeadais, chun tuairisciú a dhéanamh ar an infheistíocht a slógadh. Níl feidhm ag an gceanglas sin nuair is é an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI), an Ciste Eorpach Infheistíochta (CEI) nó an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha (BEAF) an comhpháirtí cur chun feidhme nó an t-idirghabhálaí airgeadais.

(103) Níl tionchar ag cineál agus méid na modhnuithe atá beartaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne ar an measúnú bunaidh ar fhaireachán éifeachtach agus ar chur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta. Treisíodh an struchtúr a bhfuil sé de chúram air an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme, faireachán agus tuairisciú a dhéanamh air agus tá na socruithe foriomlána atá molta ag an Spáinn maidir le heagrú chur chun feidhme na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí inchreidte i gcónaí. Tá na garspriocanna agus na spriocanna a ghabhann leis na bearta modhnaithe nó breise, lena n-áirítear iad siúd atá sa chaibidil REPowerEU, soiléir agus tá na táscairí atá beartaithe le haghaidh na ngarspriocanna agus na spriocanna sin ábhartha, inghlactha agus láidir.

Costáil

(104) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an réasúnú a thugtar sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU maidir le méid na gcostas measta iomlán a bhaineann leis an bplean, tá an réasúnú sin measartha maidir lena réasúnta agus a shochreidte atá sé (rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(105) An réasúnú arna sholáthar ag an Spáinn maidir le méid chostais mheasta iomlána an phlean téarnaimh agus athléimneachta, tá sé réasúnta agus inchreidte go measartha (rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta, agus i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(106) Tá meastacháin costais aonair soláthraithe ag an Spáinn do gach infheistíocht agus athchóiriú modhnaithe agus nua a raibh costas gaolmhar ag baint leo a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, ag brath ar roinnt foinsí chun údar a thabhairt dóibh. Áirítear orthu sin glaonna spéise a seoladh go sonrach chun críocha an phlean téarnaimh agus athléimneachta, conarthaí soláthair a thagraíonn do sheirbhísí comhchosúla nó d'infheistíochtaí den chineál céanna roimhe seo, samplaí d'infheistíochtaí comhchosúla a rinneadh i mBallstáit eile, agus sonraí maidir le riachtanais infheistíochta agus bearnaí sa mhaoiniú margaidh. Mar thoradh air sin, meastar go bhfuil meastacháin chostais don chuid is mó de na bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta réasúnta. Bhain an Spáinn úsáid as roghanna costais simplithe maidir le rátaí comhréidhe agus costais aonaid araon.

(107) Tá méid costas measta na mbeart atá sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le nádúr agus cineál na n-athchóirithe agus na n-infheistíochta atá beartaithe. Mar thoradh air sin, meastar go bhfuil meastacháin chostais don chuid is mó de na bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta sochreidte. Tá faisnéis agus fianaise leordhóthanach soláthraithe ag an Spáinn nach gcumhdaítear méid na gcostas measta iomlán le maoiniú ón Aontas atá ann cheana nó atá beartaithe. Ar deireadh, tá costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

(108) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.10 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, na socruithe atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear Chaibidil REPowerEU agus na bearta breise atá sa Chinneadh seo, measadh go raibh siad leormhaith (rátáil A) chun coinbhleachtaí leasa, éilliú agus calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí a sholáthraítear faoin Rialachán sin, agus tá coinne leis go ndéanfadh siad cistiú dúbailte ón tSaoráid agus ó chláir eile an Aontais a sheachaint ar bhealach éifeachtach. Tá an méid sin gan dochar do chur i bhfeidhm ionstraimí agus uirlisí eile chun comhlíonadh dhlí an Aontais a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear chun coinbhleachtaí leasa, éilliú, agus calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú, agus chun buiséad an Aontais a chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

(109) Bhí an córas rialaithe inmheánaigh a thuairiscítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh bunaithe ar phróisis agus ar struchtúir láidre. Sainaithníodh go soiléir ann na gníomhaithe agus a róil agus a bhfreagrachtaí maidir le feidhmiú na gcúraimí rialaithe inmheánaigh. Tá cumhacht dhlíthiúil ag na gníomhaithe atá freagrach as rialuithe na róil agus na cúraimí dóibh a fheidhmiú, chomh maith le hacmhainneacht riaracháin. Ar an iomlán, measadh go raibh an córas rialaithe agus socruithe ábhartha eile, lena n-áirítear maidir le bailiú agus cur ar fáil sonraí maidir le faighteoirí deiridh, leordhóthanach i dtaca leis na ceanglais faoi Rialachán (AE) 2021/241. Chun an córas rialaithe inmheánaigh a chur i gcrích, ceanglaíodh ar an Spáinn córas comhtháite faisnéise a fhorbairt maidir leis an gcur chun feidhme agus reachtaíocht ghaolmhar a fhormheas roimh an gcéad íocaíocht rialta faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta arna bunú le Rialachán (AE) 2021/241 ('an tSaoráid').

---

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1).

(110) Áirítear leis an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe nuashonrú ar an gcreat iniúchóireachta agus rialaithe. Ar an gcéad dul síos, áirítear ann tuairisc ar bhearta breise a thug an Spáinn isteach ó formheasadh an plean téarnaimh agus athléimneachta tosaigh. Chuidigh na bearta sin leis an gcreat a atreisiú. Go háirithe, mar a dheimhnigh an Coimisiún i gcomhthéacs an réamh-mheasúnaithe ar an tríú hiarraidh ar íocaíocht, tá feabhas curtha ag an Spáinn ar bhailiú sonraí maidir le húinéirí tairbhiúla cuideachtaí eachtracha nach bhfuil aon chumhacht aturnae acu sa Spáinn, i gcás conarthaí atá tugtha i gcrích cheana féin, chomh maith le conarthaí a bheidh ann amach anseo agus d'fhorbair sí uirlis bhreise scórála riosca TF dá ngairtear Minerva chun coinbhleacht leasa a rialú agus a chosc go córasach, agus úsáid á baint as sonraí úinéara thairbhiúil. Ar an dara dul síos, áirítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe síneadh ar an gcreat rialaithe agus iniúchóireachta chun ailíniú a dhéanamh le tabhairt isteach beart nua arb é atá iontu ionstraimí airgeadais a bhunú agus scéimeanna fóirdheontais a chur ar bun ina gcomhcheanglaítear deontais le hionstraimí airgeadais. I gcomhréir leis an modhnú, síneoidh an Spáinn comhaontú cur chun feidhme nó comhaontú coibhéiseach leis an gcomhpháirtí cur chun feidhme, nó formheasfaidh sí creat rialála, ar cheart tuairisc a bheith ann ar chórais iniúchóireachta agus rialaithe an chomhpháirtí cur chun feidhme, agus — i gcás inarb ábhartha — na n-idirghabhálaithe airgeadais. Is éard atá i gceist leis na ceanglais iniúchóireachta agus rialaithe sin a áirithiú go ndéanfar calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú, go bhfíorófar incháilitheacht gach oibríochta sula ngeallfar iad a mhaoiniú, agus go gcuirfear chun feidhme iniúchtaí ex-post rioscabhunaithe i gcomhréir le plean iniúchóireachta. Sna cásanna sin inarb é BEI, CEI nó BEAF an comhpháirtí cur chun feidhme nó an t-idirghabhálaí airgeadais, níl feidhm ag an oibleagáid tuairisc a thabhairt ar na córais iniúchóireachta agus rialaithe, ach ní mór ceangal a chur ar na comhlachtaí sin tuarascáil iniúchóireachta bhliantúil arna hullmhú ag a n-iniúchóirí seachtracha a sholáthar do na húdaráis náisiúnta ábhartha.

(111) Níl tionchar ag cineál agus méid na modhnuithe atá beartaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne ar an measúnú bunaidh ar fhaireachán éifeachtach agus ar chur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta. Treisíodh an creat iniúchóireachta agus rialaithe atá ann cheana agus meastar go bhfuil sé leordhóthanach agus láidir.

Comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta

(112) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (k) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.11 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, áirítear go mór (rátáil A) sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, bearta le haghaidh cur chun feidhme athchóirithe agus tionscadail infheistíochta phoiblí ar gníomhaíochtaí comhleanúnacha iad.

(113) Tá plean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh na Spáinne bunaithe ar 30 comhpháirt chomhleanúnacha a thacaíonn leis na comhchuspóirí ó thaobh téarnamh gheilleagar na Spáinne a spreagadh, cur leis an aistriú glas agus digiteach agus athléimneacht na Spáinne a fheabhsú i dtreo an fháis inbhuanaithe agus chuimsithigh. Tá gach comhpháirt bunaithe ar phacáistí comhsheasmhacha d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí araon, le bearta a threisíonn a chéile nó a chomhlánaíonn a chéile. Tá sineirgí ann freisin ar fud na gcomhpháirteanna éagsúla agus ní thagann aon bheart salach ar éifeachtacht birt eile ná ní bhaineann sé an bonn d'éifeachtacht birt eile ach oiread.

(114) Leasaíonn na modhnuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta 28 de na comhpháirteanna atá ann cheana, agus tugann sé comhpháirt bhreise, caibidil REPowerEU, san áireamh. Leis na modhnuithe a rinneadh ar na caibidlí atá ann cheana, ní athraítear comhleanúnachas foriomlán an phlean, agus aird á tabhairt ar an gcaoi a dtreisíonn na comhpháirteanna a chéile agus ina bhfuil siad comhlántach dá chéile, go háirithe iad siúd a bhaineann leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach agus leis an gcaibidil REPowerEU a cuireadh isteach le déanaí. Tá na hionstraimí airgeadais nua a cuireadh isteach agus na hinfheistíochtaí breise nua a cuireadh isteach arna gcistiú mar thoradh ar an méadú ar an ranníocaíocht uasta airgeadais agus ar an iarraidh ar thacaíocht iasachta, chomh maith le caibidil REPowerEU, comhlántach leis na bearta atá ann cheana sa phlean téarnaimh agus athléimneachta. I dteannta na n-infheistíochtaí nua sin agus na n-infheistíochtaí a bhfuil méadú tagtha ar a n-uaillmhian, tá athchóirithe breise nua ag treisiú a chéile agus tá siad comhlántach dá chéile.

An próiseas comhairliúcháin

(115) Áirítear in bplean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne achoimre ar an bpróiseas comhairliúcháin a rinneadh chun é a ullmhú agus a chur chun feidhme. Agus an plean téarnaimh agus athléimneachta á ullmhú, rinne an Spáinn comhairliúcháin spriocdhírithe ar na rúin ghinearálta maidir le modhnuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, le comhpháirtithe sóisialta, páirtithe leasmhara, údaráis réigiúnacha agus áitiúla agus grúpaí polaitiúla eile. San aighneacht uaithi, sholáthair an Spáinn sonraí maidir leis na páirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo, mhínigh sí toradh an chomhairliúcháin chomhlántaigh spriocdhírithe sin agus leag sí amach conas a léiríodh an t-ionchur a fuarthas ó na páirtithe leasmhara ar dtús, lena n-áirítear bearta i gcaibidil REPowerEU freisin.

(116) Chun an úinéireacht a áirithiú le haghaidh na ngníomhaithe ábhartha, tá sé ríthábhachtach go mbeidh na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla agus na páirtithe leasmhara uile lena mbaineann, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta, rannpháirteach i rith chur chun feidhme na n-infheistíochtaí agus na n-athchóirithe atá sa phlean, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU. Trí úinéireacht níos leithne a áirithiú maidir le cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta, rannchuideofar lena éifeachtacht agus leis an tionchar fadtéarmach a mheastar a bheidh aige a fheabhsú. Chun an plean a chur chun feidhme, tá Comhdháil Earnála nua don Téarnamh, don Chlaochlú agus don Athléimneacht curtha ar bun ag an Spáinn chun réigiúin, eintitis áitiúla agus an rialtas láir a chomhordú. Ina theannta sin, ba cheart go dtacódh comhdhálacha earnála atá ann cheana i réimsí éagsúla beartais leis an gcur chun feidhme maidir le bearta sonracha laistigh dá réimse inniúlachta. Ina theannta sin, féadfaidh bearta athchóirithe a leagtar síos sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, a bheith faoi réir an phróisis chomhairliúcháin a thagann, i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta, roimh bhearta reachtacha a ghlacadh sa Spáinn.

Measúnú dearfach

(117) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, agus an toraidh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU a chur chun feidhme, na garspriocanna, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-in-aisíoctha agus tacaíochta iasachta le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU a leagan amach.

Ranníocaíocht airgeadais

(118) Is é EUR 163 029 653 473 costais mheasta iomlán phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Spáinne lena n-áirítear caibidil REPowerEU. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Spáinn, ba cheart an ranníocaíocht arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/241 agus arna leithdháileadh do phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Spáinne lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU a bheith comhionann le méid iomlán na ranníocaíochta atá ar fáil do phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Spáinne lena n-áirítear caibidil REPowerEU. Is ionann an méid sin agus EUR 77 213 906 801, le EUR 2 576 417 190 chun tacú leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i gcaibidil REPowerEU agus EUR 74 637 489 611 chun tacú le hathchóirithe agus infheistíochtaí eile sa phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(119) De bhun Airteagal 21a(5) de Rialachán (AE) 2021/241, an 6 Meitheamh 2023, chuir an Spáinn iarraidh isteach ar leithdháileadh an ioncaim dá dtagraítear in Airteagal 21a (1) den Rialachán sin, arna chomhroinnt idir na Ballstáit ar bhonn na dtáscairí a leagtar amach sa mhodheolaíocht dá dtagraítear in Iarscríbhinn IVa a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. Is é EUR 6 916 693 413 costas measta iomlán na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 21c(3), pointí (b) go (f), de Rialachán (AE) 2021/241 a áirítear i gcaibidil REPowerEU. Ós rud é go bhfuil an méid sin níos airde ná an sciar leithdháilte atá ar fáil don Spáinn, ba cheart an tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha bhreise atá ar fáil don Spáinn a bheith cothrom leis an sciar leithdháilte. Is ionann an méid sin agus EUR 2 582 276 223.

(120) Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755[1], an 1 Márta 2023 chuir an Spáinn iarraidh réasúnaithe isteach chun cuid dá raibh fágtha dá leithdháileadh sealadach a aistriú ó acmhainní Chúlchiste Coigeartaithe Brexit chuig an tSaoráid, mar atá, EUR 58 000 000. Ba cheart an méid sin a chur ar fáil chun tacú leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sa chaibidil REPowerEU mar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha bhreise.

(121) Ba cheart ranníocaíocht airgeadais iomlán de EUR 79 854 183 024 a bheith ar fáil don Spáinn.

Iasacht

(122) Ina theannta sin, chun tacú le hathchóirithe agus infheistíochtaí breise, d’iarr an Spáinn tacaíocht iasachta iomlán EUR 83 160 060 000, go háirithe, EUR 1 700 000 000 chun tacú leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i gcaibidil REPowerEU agus EUR 81 475 050 000 chun tacú leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí eile sa phlean téarnaimh agus athléimneachta. Tá méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta níos airde ná an ranníocaíocht iomlán airgeadais atá ar fáil don Spáinn, lena n-áirítear caibidil REPowerEU agus an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha, an t-ioncam ón gcóras trádála astaíochtaí faoi Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], agus Cúlchiste Coigeartaithe Brexit. Is lú uasmhéid na hiasachta arna hiarraidh ag an Spáinn ná 6,8 % d’ollioncam náisiúnta na tíre do 2019 i bpraghsanna reatha.

---

1 Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1).

2 Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

Réamh-mhaoiniú REPowerEU

(123) D'iarr an Spáinn an cistiú seo a leanas chun a caibidil REPowerEU a chur chun feidhme: EUR 2 576 417 190 i bhfoirm ranníocaíochta airgeadais arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/241, aistriú EUR 58 000 000 ón leithdháileadh sealadach ó acmhainní Chúlchiste Coigeartaithe Brexit, agus EUR 2 582 276 223 ón ioncam ón gCóras Trádála Astaíochtaí faoi Threoir 2003/87/CE, EUR 1 700 000 000 i bhfoirm iasachta.

(124) I gcás na méideanna sin, de bhun Airteagal 21d de Rialachán (AE) 2021/241, an 11 Meán Fómhair 2023 d'iarr an Spáinn réamh-mhaoiniú 20 % den chistiú a iarradh. Faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil, ba cheart an réamh-mhaoiniú sin a chur ar fáil don Spáinn faoi réir theacht i bhfeidhm na gcomhaontuithe atá le tabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus an Spáinn de bhun Airteagal 23(1) de Rialachán (AE) 2021/241 agus i gcomhréir le hAirteagal 15(2) den Rialachán sin ('an comhaontú iasachta').

(125) Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta don Spáinn a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'Airteagal 1
Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Spáinne a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha agus na garspriocanna breise agus na spriocanna breise a bhaineann le híoc na hiasachta, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

(2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

‘1. Cuirfidh an tAontas ranníocaíocht airgeadais ar fáil don Spáinn i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíoctha arb ionann í agus EUR 79 854 183 024*. Áirítear ar an ranníocaíocht sin:

(a) beidh suim EUR 46 592 869 727 ar fáil lena gealladh go dlíthiúil faoin 31 Nollaig 2022;

(b) beidh suim eile EUR 30 621 037 074 ar fáil lena gealladh go dlíthiúil ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023;

(c) suim EUR 2 582 276 223**, i gcomhréir le hAirteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241, go heisiach le haghaidh bearta dá dtagraítear in Airteagal 21c(3) den Rialachán sin, cé is moite de na bearta dá dtagraítear in Airteagal 21c(3), pointe (a), den Rialachán sin;

(d) suim EUR 58 000 000, arna aistriú ó Chúlchiste Coigeartaithe Brexit chuig an tSaoráid.

2. Cuirfidh an Coimisiún ranníocaíocht an Aontais ar fáil don Spáinn i dtráthchodanna i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo. Cuirfear suim EUR 9 036 636 649 ar fáil mar réamh-mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/241.

Cuirfear suim EUR 1 043 338 683 ar fáil mar réamh-mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 21d de Rialachán (AE) 2021/241. Féadfaidh an Coimisiún an réamh-mhaoiniú sin a eisíoc i suas le dhá íocaíocht.

Féadfaidh an Coimisiún an réamh-mhaoiniú agus na tráthchodanna a íoc i dtráinse amháin nó i roinnt tráinsí. Beidh méid na dtráinsí faoi réir infhaighteacht an mhaoinithe.';

___________

* Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Spáinne de speansais dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht a leagtar amach in Airteagal 11 den Rialachán sin, a asbhaint.

** Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Spáinne de speansais dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht a leagtar amach in Airteagal 11 den Rialachán sin, a asbhaint.';

(3) cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

'*Airteagal 2a*

*Tacaíocht iasachta*

1. Cuirfidh an tAontas iasacht ar fáil don Spáinn arb é uasmhéid EUR 83 160 060 000 a bheidh inti.

2. Cuirfidh an Coimisiún an tacaíocht iasachta dá dtagraítear i mír 1 ar fáil don Spáinn i dtráthchodanna i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo. Cuirfear suim EUR 340 000 000 ar fáil mar réamh-mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 21d de Rialachán (AE) 2021/241. Féadfaidh an Coimisiún an réamh-mhaoiniú sin a eisíoc i suas le dhá íocaíocht.

Féadfaidh an Coimisiún an réamh-mhaoiniú agus na tráthchodanna a íoc i dtráinse amháin nó i roinnt tráinsí. Beidh méid na dtráinsí faoi réir infhaighteacht an chistithe.

3. Scaoilfear an réamh-mhaoiniú dá dtagraítear i mír 2 faoi réir an teacht i bhfeidhm agus i gcomhréir leis an gcomhaontú iasachta. Déanfar réamh-mhaoiniú a imréiteach trína asbhaint go comhréireach i gcoinne íoc na dtráthchodanna.

4. Maidir le tráthchodanna a scaoileadh i gcomhréir leis an gcomhaontú iasachta, beidh sé sin coinníollach ar chistiú a bheith ar fáil agus ar chinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (AE) 2021/241, go bhfuil na garspriocanna agus na spriocanna breise arna sainaithint maidir le cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU comhlíonta go sásúil ag an Spáinn. Chun a bheith incháilithe d'íocaíocht, bainfidh an Spáinn na garspriocanna agus na spriocanna amach tráth nach déanaí ná an 31 Lúnasa 2026.';

(4) cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 2*

*Seolaí*

Is chuig Ríocht na Spáinne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*